DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS
AN ROINN GNOTHAI EACHTRACHA

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Tuarascáil Bhliantúil

2008

Ráiteas Misin

Is é Misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha

- luachanna agus leasanna na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus i ndomhan atá ag athrú;
- síochán, cearta daonna, riail an dlí agus forbairt inmharthana a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;
- ár gcuid saoránach a chosaint thar lear; agus
- tacú le hathmhuintearas buan ar an oileán seo.

Clár

RÉAMHRÁ ÓN AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA 3

RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ 6

2008: ACHOIMRE AR FHORBAIRTÍ AGUS AR GHNÓTHACHTÁLACHA 10

TUAISCEART ÉIREANN AGUS CAIDREAMH ANGLA-ÉIREANNACH 13

RÓL NA HÉIREANN SA DOMHAIN 17

AN T-AONTAS EORPACH 21

ÉIRE A CHUR CHUN CINN THAR LEAR 31

CÚNAMH Ó ÉIRINN 27

SEIRBHÍSÍ CONSALACHTA AGUS PASANNA 32

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA 36

AGUISÍNÍ 41

Réamhrá ón Aire Gnóthaí Eachtracha

Tá ríméad orm glacadh le Tuarascáil Bhliantúil 2008, tuarascáil a ullmhaíodh ag teacht le forálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Ba bhliain ollmhór a bhí in 2008 d'Éire agus don domhan uile. Is iomaí dúshlán a chuir na hathruithe ollmhóra a tharla ó thaobh na heacnamaíochta náisiúnta agus domhanda romhainn. Fad atá ceannairí an domhain ag iarraidh teacht ar réiteach ar an ngéarchéim eacnamaíochta domhanda, agus fad atá sinne in Éirinn ag tabhairt aghaidh ar ár ndúshláin shuntasacha féin sa bhaile, beidh obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha ríthábhachtach maidir le deiseanna a lorg chun tacú le hathshlánúchán eacnamaíocht na hÉireann agus maidir leis an gclú atá orainn ar fud an domhain a athdhaingniú.

De bharr go bhfuil taidhleoireacht eacnamaíoch agus cur chun cinn tuilleamh na hÉireann thar lear ag éirí níos lárnaí ó thaobh beartais eachtraigh, tá mo Roinnse ag cur tosaíocht níos mó agus níos mó ar Éire a chur chun cinn thar lear. I rith 2008, d'éirigh linn ár Rannán Caidrimh Eacnamaíoch Déthaobhaigh a chomhcheangal lenár Rannóg Chultúrtha agus Eolais chun an Rannán Cur Chun Cinn na hÉireann a chruthú. Tríd é sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm againn leas a bhaint as ár n-oidhreacht chultúrtha uathúil chun cur le feasacht ar Éirinn agus chun trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn. Fuair na hoifigigh go léir a chuaigh thar lear ar phoist oiliúint speisialaithe lena chinntiú go mbeidh saincheisteanna eacnamaíocha agus trádála chun tosaigh inár gcaidreamh déthaobhach. Tá ról tábhachtach ag an Roinn maidir le rochtain ar mhargaí a chinntiú d'earraí agus do sheirbhísí Éireannacha; is féidir sampla de thábhacht an róil sin a fheiceáil san obair ar tugadh fúithi, mar aon le Ranna eile, mar fhreagra ar an ngéarchéim faoi mhuiceoil in 2008, obair a rinneadh iarracht tionchar diúltach dá bharr ar ár margaí thar lear a íoslaghdú.

Ag féachaint ó Thuaidh, rinneadh tuilleadh comhdhlúthaithe ar na forais chumhachtroinnte agus ar chaidrimh le Tionól Thuaisceart Éireann agus leis an bhFeidhmeannas (Tuaisceart Éireann Executive?) in 2008. Bhí na páirtithe ábalta teacht ar chomhréiteach go deireanach in 2008 ar bhealach chun cineachadh cumhachtaí póilíneachta agus cirt a bhrú ar aghaidh, rud a léiríonn cumhacht leanúnach an Phróisis Síochána agus Fhorais Thuaisceart Éireann. Le dul chun cinn dearfach ó thaobh na polaitíochta de mar chúlra, rinne an Rialtas cur chun cinn go gníomhach ar chomhoibriú níos dlúithe sa réimse eacnamaíochta freisin, lena n-áirítear rannpháirtíocht ón Taoiseach agus uaimse sa Chomhdháil Infheistíochta SAM i mBéal Feirste i mí Bealtaine seo caite. Mar aitheantas ar an ngá le tacaíocht phobail a chothú do na socruithe nua, beidh tionscnaimh mar an gCiste Frithsheicteachais, a seoladh in 2008, ríthábhachtach chun athmhuintearas a neartú ag an leibhéal pobail.

Maidir leis na dúnmharuithe a tharla le déanaí in Aontroim agus i gCraigavon meabhraíodh dúinn go láidir an dul chun cinn iontach atá déanta ag an bpróiseas síochána i dTúaisceart Éireann le blianta beaga anuas. Is comhartha ar neart na bhforas polaitiúla i dTuaisceart Éireann é gur cháin Tionól Thuaisceart Éireann go léir na dúnmharuithe.

Ó thaobh saincheisteanna idirnáisiúnta de, lean Éire ar aghaidh ag tacú le hiarrachtaí chun réiteach a fháil ar na cúrsaí deacra daonnúla, cearta daonna agus polaitiúla sa tSúdáin, in Sead, i mBurma agus sa tSiombáib. Ghlac Éire páirt ghníomhach sna

díospóireachtaí idirnáisiúnta faoin Meánoirthear, agus thug mise cuairt ar éirigh go maith léi ar an Éigipt, ar Iosrael agus ar na Críocha Palaistíneacha faoi Fhorghabháil i mí Iúil. Thaisteal mé go dtí an tSeoirsia tar éis na coinbhleachta a tharla an Fómhair seo caite chun tacaíocht airgeadais na hÉireann maidir le atógáil agus le obair daonnúil ansin a dhaingniú chomh maith. Ceann de bhuaicphointí na bliana, gur féidir le hÉire a bheith an-bhródúil as, ná an comhaontú a rinneadh i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2008 maidir le Coinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin. Mar is amhlaigh leis an gConradh ar Neamhleathadh de 1968 – conradh a mhol Éire – is sampla maith é den chumas atá ag tíortha beaga athrú bríoch a chur i gcrích.

Tá méadú ag teacht ar obair an Aonaid um Réiteach Coinbhleachta, ó thaobh ceapadh Nuala O'Loan Uasal mar Thoscaire Speisialta na hÉireann maidir le Réiteach Coinbhleachta in Timor-Leste, agus ó thaobh forbairt thionscnamh tras-fhoghlama idir Éire Thuaidh agus Theas, Timor-Leste agus an Libéir ar Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe faoi Mhná, Síochán agus Slándáil.

Chuir próiseas daingnithe Chonradh Liospóin fíor-dhúshlán roimh an Roinn in 2008. De bharr taighde neamhspleách a choimisiúnaigh an Roinn, agus ag tarraingt ar thorthaí Fo-Choiste Uile-Pháirtí an Oireachtais ar Thodhchaí na hÉireann san Aontas Eorpach, bhí an Rialtas in ann bealach chun tosaigh a phleanáil a thaispeánann meas ar an tuairim a léirigh na daoine sa reifreann an 12 Meitheamh. Táim cinnte go mbeidh an pacáiste beart a dhaingnigh an Taoiseach ag Comhairle an AE i mí na Nollag 2008 chun leasa na hÉireann agus an AE.

Bhain an AE socrú ollmhór ar Athrú Aeráide amach in 2008, agus táim sásta maidir leis gur freastalaíodh ar bhuntáistí na hÉireann. De réir mar chuaigh an ghéarchéim airgeadais domhanda chun donais in 2008, ba mhór an tacaíocht dúinn an comhoibriú dlúth atá againn lenár gcomhpháirtithe san AE sna laethanta deacra seo.

In 2008, b'ionann Cúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann agus €918 milliún, nó 0.58% den OTN, ag cur Éire sa séú áit mar bhronntóir cúnaimh ar domhain per capita. Tá clár cúnaimh éifeachtach atá aitheanta go hidirnáisiúnta cruthaithe ag Éire, atá saindírithe ar chabhrú leis na daoine is leochailí ar domhain. Cé go raibh orainn cinntí deacra a dhéanamh maidir le maoiniú don chlár a íoslaghdú, tá na céimeanna sin ríthábhachtach lenár n-inmharthanacht eacnamíochta fadtéarmach a chinntiú, chomh maith le fás agus inmharthanacht chlár Cúnaimh na hÉireann a chinntiú go fadtéarmach.

Ag an am céanna, tá an Roinn tiomanta cur le héifeachtacht chúnamh na hÉireann. Bainfimid leas as gach uile cent; bhí ról gníomhach ag mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Peter Power, san Fhóram Ardleibhéil ar Éifeachtacht Cúnaimh in Accra, Ghána i mí Mheán Fómhair 2008. Cuireann Tuarascáil an Tascfhórsa Ocrais, a sheol an Taoiseach i mí Mheán Fómhair, díothú an ocrais ag croílár ár bpolasaí cúnaimh, agus leanfaidh Éire ar aghaidh ag imirt ról ceannaireachta go hidirnáisiúnta maidir le dul i ngleic leis na bunchúiseanna ar ocras.

Is í an tSeirbhís Consalachta agus Pasanna a chuireann mo Roinn ar fáil an tseirbhís is mó a mbeidh cur amach ag an bpobal uirthi. De réir mar a théann an líon Éireannach a thaistilíonn thar lear i méid, tabharfaidh ár mbunachar sonraí nua dar teideal *Cabhair*, a cuireadh isteach in 2008, deis dúinn bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an líon cásanna consalachta agus géarchéime a bhíonn romhainn, líon atá ag ardú. Leanamar orainn in 2008 ag cur tacaíochta ar fáil do phobail Éireannacha thar lear, ag bronnadh deontas arb fhiú níos mó ná €15 milliún trínár gClár Tacaíochta Eisimirceach. Ina theannta sin, bhí ríméad orm Comhaontú um

Shaoire Oibre comhalartach a shíniú le Stáit Aontaithe Mheiriceá, rud a chuirfidh ar chumas na mílte Éireannach óg taithí oibre luachmhar a fháil agus taisteal i SAM ar feadh suas le 12 mí.
Is iomaí gnóthachtáil a bhain an Roinn Gnóthaí Eachtracha amach in 2008, d'ainneoin na ndúshlán suntasach a cuireadh romhainn, mar phróiseas daingnithe Chonradh Liospóin agus feidhmiú srianta airgeadais níos déine. Níl i gceannaireacht na hÉireann ar an gCoinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin, inár gcúnamh do na daoine is leochailí ar domhain, agus inár seasamh ar bhonn prionsabail ar chúrsaí sa tSiombáib agus i mBurma, ach roinnt beag samplaí d'obair na Roinne maidir le luachanna agus leasanna na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, an tAire Stáit Dick Roche agus an tAire Stáit Peter Power, as ucht an dianobair a rinne siad ina réimsí faoi seach maidir le Gnóthaí Eorpacha agus Forbairt Thar Lear. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann na Roinne agus, go sonrach, do thiomantas an Uas. Dermot Gallagher, a chuaigh ar scor i mí Eanáir 2009, tar éis beagnach naoi mbliana a chaitheamh ag fónamh mar Ard-Rúnaí sa Roinn seo agus i Roinn an Taoisigh.

Micheál Martin T.D.
An tAire Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2008 a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha, an tUas. Micheál Martin T.D.

Már atá ráite ag an Aire, dhírigh an Roinn níos mó ar thrádáil agus infheistíocht le linn 2008. D'úsáideamar an deis a thug cuairteanna ardleibhéil, ar an tír seo agus aisti, chun gnó Éireannach a chur chun cinn thar lear, agus chun infheistíocht isteach sa tír a mhealladh. Chomh maith le tacú le cuairteanna ón Uachtarán McAleese ar an mBreatain, ar an bhFrainc, ar an Rómáin, ar an Iorua agus ar Stáit Aontaithe Mheiriceá, chinntigh an Roinn gur baineadh leas as cuairteanna an Taoisigh ar an tSín, ar an Afraic Theas agus ar an Araib Shádach, chomh maith leis an 36 cuairt Aireachta a tugadh Lá Fhéile Pádraig, chun leasanna eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn.

Tá ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí allamuigh, gur minic gurb iad siombal poiblí na hÉireann thar lear, ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta do chuspóirí eacnamaíochta, ag comhoibriú go dlúth leis na Gníomhaireachtaí Stáit éagsúla. Táthar ag déanamh ath-leithdháileadh ar áiseanna mar chuid den tosaíocht a thugtar d'obair eacnamaíochta na misean thar lear. Mar shampla, ag tús 2009 chinn an Rialtas Ambasáid chónaitheach a oscailt in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, go speisialta chun tacú le caidreamh ghnó na hÉireann leis an Réigiún na Murascaille.

Ba ghóthachtáil thar a bheith suntasach don Roinn é glacadh 100 Stáit le coinbhinsiún idirnáisiúnta a chuireann cosc ar úsáid chnuas-mhuinisin ag Comhdháil Thaidhleoireachta Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh i Mí Bealtaine 2008. Tharla sé mar thoradh ar na blianta oibre sa chúlra ag an bhfoireann agus cuireann sé Éire i suíomh láidir chun leanúint uirthi ag léiriú ceannaireachta ar shaincheisteanna dí-armála agus Comhdháil Athbhreithnithe 2010 ar an gConradh ar Neamhleathadh ag druidim linn.

Neartaíodh agus forbraíodh caidrimh ar an oileán seo le linn 2008. Ag tógáil ar an dul chun cinn tábhachtach atá déanta ó thaobh na bhforas polaitiúla, aithníodh an gá le dul i ngleic le deighiltí ag leibhéal an phobail. Thug Ciste Athmhuintearais na Roinne tacaíocht do thionscadail agus d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hobair riachtanach maidir le deireadh a chur leis na sean-bhacainní agus leis na sean-dearcaí. Bhain daoine ar fud an oileáin leas as an gcomhoibriú Thuaidh/Theas i réimsí mar sláinte, infrastruchtúr agus fuinneamh, daoine sna réigiúin ar an teorainn ach go háirithe.

Rinneadh dul chun cinn agus comhdhlúthú ar chlár cúnaimh thar lear na hÉireann in 2008 chomh maith. Cuireadh páipéir straitéise tíre, a dhírigh go láidir ar éifeachtacht cúnaimh agus ar bhainistiú bunaithe ar thorthaí, i bhfeidhm maidir leis an Aetóip agus le Leosóta, chomh maith le straitéis tíre eatramhach do Timor-Leste chun tacú le daonra leochaileach an stáit shoghonta seo. D'ardaíomar an líon Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) a bhfaighfidh maoiniú blocdheontais ilbhliantúil ó 6 go dtí 24. Méadóidh sin cumas na nENRanna pleanáil a dhéanamh don todhchaí. Tá tuilleadh béime curtha againn ar ról na hearnála príobháidí maidir le forbairt a spreagadh trí chlár tacaíochta don earnáil phríobháideach a chur ar bun in Mósaimbíc, agus trínár gclár nua maoinithe do Líonra Cóirthrádála na hÉireann, a

thugann tacaíocht d'fheirmeoirí in Oirthear na hAifrice rochtain a dhéanamh ar mhargaí na hÉireann agus an domhain.

D'éirigh leis an Roinn dílárú na Stiúrthóireacht Comhoibrithe Forbartha a chur i gcrích in 2008 nuair a chuaigh tuairim agus 130 ball foirne i mbun oibre sa cheanncheathrú nua de chuid Cúnaimh Éireann i gCathair Luimnigh.

Cé gur mór na ghnóthachtálacha a bhaineamar amach i mbeartas eachtrach, tá ár dtiomantas maidir le seirbhís consalachta agus pasanna do mhuintir na hÉireann chomh tábhachtach céanna. Eisíodh breis agus 570,000 pas do shaoránaigh Éireannacha in 2008. Tabharfaidh ár saoráid nua ar líne, Clárúchán Taistil, breis slándála do mhuintir na hÉireann agus iad ag taisteal thar lear. Táimid ag leanúint orainn ag cur lenár gcumas freagra tapa a thabhairt ar shuíomhanna éigeandála thar lear ina mbeadh saoránaigh de chuid na hÉireann i mbaol, mar a léiríodh le déanaí nuair a chuaigh ár n-ionad géarchéime seanbhunaithe i ngníomh mar fhreagra ar ionsaithe sceimhlitheoireachta in Mumbai.

Tá an Roinn gníomhach go dearfach maidir le raon seirbhísí eile a chur ar fáil chomh maith. Áirítear orthu sin obair an Rannáin Phrótacail maidir le cuairteanna ardleibhéil isteach sa Stáit agus aisti, agus cuairteanna ardleibheil eile, a eagrú, agus maidir le tacú le caidrimh leis an líon misean eachtrach atá creidiúnaithe le hÉire agus iad a bhainistiú; an PreasOifig a sholáthraíonn seirbhís meán éifeachtach don Roinn sa cheanncheathrú agus thar lear; ár Rannán Dlí, a thugann comhairle luachmhar ar go leor saincheisteanna tábhachtacha dlí; agus ár Rannán Seirbhísí Corparáideacha a chinntíonn bainistiú éifeachtach ar acmhainní daonna agus airgeadais na Roinne.

Is í an tuarascáil seo an chéad ceann arna cur i láthair i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise do 2008-2010. Táim cinnte go bhfuil fíor-dhul chun cinn á dhéanamh ag an Roinn maidir leis na spriocanna ardleibhéil atá leagtha amach sa Straitéis a bhaint amach. Is mar thoradh ar dhíograis agus ar thiomantas as cuimse na foirne iad ár ngnóthachtálacha, idir an fhoireann ar an túslíne sna hAmbasáidí agus sna Consalachtaí thar lear agus na daoine sna Ceanncheathruithe, a oibríonn faoi cheannaireacht pholaitiúil an Aire agus na nAirí Stáit. Ghlac mé leis an bpost mar Ard-Rúnaí i mí Eanáir 2009, agus táim ag súil le cur leis an taifead láidir atá ag an Roinn seo ó thaobh gnóthachtála i mbeartas eachtrach agus i soláthar seirbhísí ardchaighdeáin do shaoránaigh na hÉireann.

Beidh na blianta amach romhainn dúshlánach don Roinn, agus don tír go léir, agus sinn ag obair i dtreo athnuachana eacnamaíche. Laghdaíodh buiséad na Roinne go suntasach le bliain anuas agus tá níos mó dúshlán ó thaobh buiséid amach romhainn. Déanfaidh an Roinn seo a cuidse maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus luach ar airgead a uasmhéadú, chun oibriú laistigh den leithdháileadh laghdaithe, fad a chosnófar na seirbhísí túslíne tábhachtacha a sholáthraímid do shaoránaigh agus do ghnólachtaí thar lear. Táim buíoch de mo chomhghleacaithe go léir as ucht a gcomhoibriú sna hiarrachtaí sin.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil don Aire agus do na hAirí Stáit as ucht a gceannaireacht pholaitiúil agus a dtiomantas le linn 2008. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí Roinne a bhí ann romhaim, an tUas. Dermot Gallagher, as na blianta fada ardseirbhíse a chuir sé isteach.

David Cooney

Ár Straitéis

Shainmhínigh Ráiteas Straitéise na Roinne Gnóthaí Eachtracha 2008-10 tosaíochtaí na Roinne don tréimhse arna gcuimsiú sa tuarascáil seo. Tá an Ráiteas Straitéise 2008-10, chomh maith le doiciméid eile a ndéantar tagairt dóibh thíos, mar an Páipéar Bán ar Chúnamh ó Éirinn agus Comhaontú Chill Rímhinn (focal.ie) St. Andrews Agreement, ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: www.dfa.ie.

Struchtúr na Roinne

Faoi stiúradh polaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtracha, is é an tArd-Rúnaí a dhéanann bainistíocht ar an Roinn. Eisean an tOifigeach Cuntasaíocht don dá Vóta atá ag an Roinn freisin – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhoibriú Idirnáisiúnta). Tacaíonn Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB), atá comhdhéanta de Cheannairí na Rannán sa Roinn, leis an Ard-Rúnaí.

Tá an Roinn comhdhéanta faoi láthair de dheich Rannán sa cheanncheathrú (HQ) agus líon iomlán de 75 oifig taidhleoireachta agus consalachta thar lear (dá dtagraítear mar “Mhisin"), chomh maith le Rúnaíocht Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste agus le Comh-Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas in Ard Mhacha.

RANNÁIN HQ:

An Rannán Angla-Éireannach
An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
An Rannán um Chomhoibriú Forbartha
Rannán an Aontais Eorpaigh
An Rannán Cigireachta
An Rannán Dlí
An Rannán Consalachta agus Pasanna
An Rannán Polaitíochta
An Rannán Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear (PIAD)
An Rannán Prótacail

An Timpeallacht Seachtrach

Is timpeallacht chasta a bhíonn ag athrú go síoraí í an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha, de réir a nádúir, agus bíonn sí i mbaol athraithe tobann ó imeachtaí nach mbítear ag súil leo, agus imríonn fachtóirí nach bhfuil faoi smacht Rialtas náisiúnta tionchar uirthi. Braitheann baint amach cuspóirí, mar sin, ní amháin ar iarrachtaí na Roinne ach ar iompar Stáit agus aonán eile chomh maith.

De bharr nádúr na timpeallachta seachtraí nach féidir a thomhas, tá sé ríthábhachtach go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní na Roinne. Ní féidir linn oibriú asainn féin agus ní dhéanaimid é sin. Déanann an Roinn comhoibriú dlúth le Ranna Rialtais a bhfuil freagrachtaí seachtracha orthu, d'fhonn oibriú i dtreo baint amach na spriocanna a eascraíonn ón gClár don Rialtas agus do thosaíochtaí straitéiseacha eile.

Spriocanna Ardleibhéil, 2008-2010

Is iad spriocanna ardleibhéil na Roinne don tréimhse 2008-2010, mar a aithnítear iad sa Ráiteas Straitéise:

Caidreamh Thuaisceart Éireann agus Angla-Éireannach	Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine Chéasta a chur chun cinn trí thacú le hoibriú éifeachtach a chuid foras, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú ar son athmhuintearais fhadtéarmaigh.
Ról na hÉireann sa Domhain	Cur le síochán agus slándáil idirnáisiúnta, réiteach coinbhleachta a chur chun cinn, meas ar chearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn, agus tacú le comh-straitéiseacha éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhanda.
An tAontas Eorpach	Leasanna na hÉireann san AE a dhaingniú agus cur go hiomlán le forbairt an Aontais amach anseo.
Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear	Éire agus a caidreamh déthaobhach le tíortha eile a chur chun cinn, ár leasanna eacnamaíochta a bhrú ar aghaidh agus cur lenár bpróifíl chultúrtha thar lear.
Cúnamh ó Éirinn	Na gealltanais sa Pháipéar Bán ar Chúnamh ó Éirinn a bhaint amach trí bhochtanas a íoslaghdú, tacú le forbairt inmharthana agus comhoibriú forbartha a chur chun cinn mar chuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann.
Seirbhísí Consalachta agus Pasanna	Seirbhís consalachta agus pasanna ar ardchaighdeán a sholáthar do na saoránaigh Éireannacha go léir agus caidreamh gníomhach a dhéanamh lenár nDiaspóra.

2008: Achoimre ar Fhorbairtí agus ar Ghnóthachtálacha

Caidreamh Thuaisceart Éireann agus Angla-Éireannach	• Comhdhlúthú na bhForas Cumhachtroinnte. • Ár gcaidreamh le Feidhmeannas T.É. agus le Tionól T.É. a neartú. (lena n-áirítear trí theagmháil rialta leis na páirtithe agus le ceannairí na bpáirtithe). • Comhaontú ar ghluaiseacht ar aghaidh ó thaobh cineachadh póilíneachta agus cirt. • Cruinniú Iomlánach na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas i nDún Dealgain agus 12 cruinniú de chuid an CATT i bhformáid earnálach. • Comhoibriú uile-oileánda ar réimsí lena n-áirítear infrastruchtúr, sláinte agus fuinneamh. • Cruinnithe le Comhairle na Breataine/na hÉireann i mBaile Átha Cliath (Feabhra) agus i nDún Éidinn (Meán Fómhair). • Seisiúin Iomlánacha de Thionól Parlaiminteach na Breataine na hÉireann a reáchtáladh i Loch Garman (Aibreán) agus in Newcastle-upon-Tyne (Deireadh Fómhair). • Bunú an Chiste Frith-Sheicteachais. • An Fóram Líonraithe Athmhuintearais a d'óstaigh an tAire Gnóthaí Eachtracha i mí Aibreáin. • Cruinnithe idir an Taoiseach agus an Chéad Aire, lenar áiríodh ag oscailt Láithreán Oidhreachta Chath na Bóinne. • Óráid ón Taoiseach do Chomh-Thithe Chomhdháil SAM.
Ról na hÉireann sa Domhain	• Leanadh leis an ról ceannaireachta maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, lenar áiríodh idirbheartaíocht rathúil ar an gCoinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin, a comhaontaíodh ag comhdháil taidhleoireachta i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2008 faoi Uachtaránacht Éireannach. • Chuaigh i mbun Cathaoirleachta an Líonra Slándála Daonna agus ghlac 'Foréigean Bunaithe ar Inscne' mar an phríomhthéama. • Dlúthbhaint le hiarrachtaí chun réitigh pholaitiúla síochánta a fháil ar ghéarchéimeanna idirnáisiúnta, lenar áiríodh sa Chéinia, sa tSiombáib, sa tSeoirsia agus in Burma, rud a chuir go mór le forbairt beartas AE éifeachtach. • Thacaigh le rannpháirtíocht na hÉireann in oibríochtaí síochánaíochta idirnáisiúnta sibhialta agus míleata agus i mbainistíocht géarchéime. Ba iad na himscartha chuig EUFOR sa Sead agus chuig KFOR sa Chosaiv na cinn ba shuntasaí. • D'oibrigh chun cur chuige láidir agus cothrom ón AE a chinntiú maidir lena chuid iarrachtaí ó thaobh comhaontú síochána sa Mheánoirthear a chur chun cinn. Áiríodh ar iarrachtaí na hÉireann comh-thionscnamh leis an Chipir a dhírigh ar chaidreamh an AE le hÚdarás na Palaistíne a neartú. • Áiríodh ar theagmháil láidir le comhpháirtithe idirnáisiúnta in 2008 cuairteanna an Taoisigh ar an Aifric Theas, ar an Tansáin, ar an gCosaiv agus ar an tSín, agus cuairteanna Aireachta ar an gCéinia, ar an Airgintín, ar na Náisiún Aontaithe, ar an Seoirsia, ar Timor-Leste, ar an Éigipt, ar Iosrael agus ar na Críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil. • Brúdh tiomantas na hÉireann ó thaobh Réiteach Coinbhleachta ar aghaidh trí chaidreamh in Timor-Leste, trí cheapachán Nuala O'Loan mar an gcéad Ambasadóir taistil ó Éirinn do réiteach coinbhleachta, trí thionscnaimh a chuireann ról na mban i réiteach coinbhleachta agus i ndéantús síochána chun tosaigh, agus trí scoláireachtaí do staidéar

	dochtúireachta i réiteach coinbhleachta a bhronnadh. • Leanadh ar aghaidh le caidreamh láidir idir Éire agus comhpháirtithe idirnáisiúnta in 2008, ina measc cuairteanna an Uachtaráin ar an nGearmáin, ar an mBreatain, ar an bhFrainc, ar an Romáin, ar an Iorua agus ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus cuairteanna an Taoisigh ar an Aifric Theas, ar an Tansáin, ar an gCosaiv, ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar an tSín. Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha faoi roinnt cuairteanna ardleibhéil thar lear freisin.
An tAontas Eorpach	• Ag Comhdháil na hEorpa i mí na Nollag, leag an Taoiseach ábhair imní mhuintir na hÉireann amach maidir le Conradh Liospóin mar a léiríodh i dtorthaí an reifrinn i mí an Mheithimh. Chomhaontaigh an Chomhairle ar phacáiste beart chun freastal ar ábhair imní na hÉireann, lenar áiríodh Coimisinéir a choimeád, agus sraith rathúlachtaí dlíthiúla ar chánachas, ar neodrachas agus ar Bhunreacht na hÉireann maidir leis an gceart chun na beatha, oideachas agus an teaghlach. • Comhaontaíodh an Pacáiste ar Athrú Aeráide ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2008. • Cuireann Plean Téarnaimh Eacnamaíochta na hEorpa, a comhaontaíodh i mí Lúnasa, creat comhtháite ar fáil le go rachaidh an tAontas i mbun gnímh.
Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear	• Thacaigh le cuairteanna an Taoisigh ar an Aifric Theas agus ar an tSín agus chomhordaigh raon cuairteanna trádála isteach sa tír. • Rinne cinnte de go n-úsáideadh cuairteanna Lá Fhéile Pádraig chun príomh-leasanna eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn (chomhordaigh 36 cuairt in 2008). • Leanadh le tacaíocht do Straitéis na hÁise de chuid an Rialtais trí naisc eacnamaíochta a éascú agus trí Chistí Straitéise na hÁise a riaradh trí idirchaidreamh leis na misin sa régiúin. • Rannpháirteach in iarrachtaí chun margaí a ath-oscailt d'earraí agus do sheirbhísí Éireannacha, lenar áiríodh mairteoil (ath-osclaíodh margaí san Araib Shádach agus san Aifric Theas do mhairteoil ó Éirinn i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2008 faoi seach). • D'oibrigh go dlúth leis na misin thar lear, le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Stáit le tionchar na géarchéime muiceola a tharla i mí na Nollag a réiteach thar lear agus lena chinntiú go leanfadh margaí de bheith oscailte do tháirgí muiceola. • D'éascaigh cur chun cinn oidhreacht chultúrtha ilchineálach na hÉireann. • Rinne comhcheangail éifeachtach idir an Rannán um Chaidreamh Déthaobhach Eacnamaíochta, an Rannán Chultúrtha agus an Roinn Faisnéise, agus mar sin chruthaigh An Rannán Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear (PIAD).
Cúnamh ó Éirinn	• B'ionann an Cúnamh Forbartha Thar Lear iomlán (ODA) in 2008 agus €918 milliún, nó 0.58% den OTN. • Cuireadh dílárú na Stiúrthóireachta Comhoibrithe Forbartha go dtí Luimneach i gcrích go rathúil in 2008. • Chuir an Coiste Idir-Rialtasach d'Fhorbairt a chéad Thuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha i mí an Mheithimh 2008. • D'oscail an Taoiseach an tIonad Cúnaimh ó Éirinn: Oibrithe Deonacha agus Faisnéis i mí Eanáir 2008. • Leanadh le maoiniú tráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil d'éigeandálaí

Cúnamh ó Éirinn (cont'd)	daonnúla trí chomhpháirtithe seanbhunaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, na Croise Deirge agus na comhpháirtithe ENR. • Rinneadh 27 imscaradh ón gCór Mearfhreagartha chuig éigeandálaí daonnúla in 14 tír, agus seoladh stór soláthairtí daonnúla na hÉireann 9 uair ó stórais in Brindisi agus sa Churrach chuig éigeandálaí ar fud an domhain. • Cuireadh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocrais faoi bhráid an Taoisigh ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Nua Eabhrac, i láthair Ard-Rúnaí na NA, an tUas. Ban Ki-Moon. • Rinne Éire comh-óstáil ar éirigh go maith léi ar an 4ú Fóram de chuid gComhpháirtithe Domhanda ar Leanaí faoi thionchar HIV agus AIDS agus d'éirigh léi comhaontú a fháil ar phríomh-thosaíochtaí beartais do leanaí. • Comhlíonadh an sprioc de €100 milliún a chaitheamh ar HIV agus ar AIDS agus ar ghalair teagmhálacha eile ar feadh Chlár Cúnaimh na hÉireann, agus caitheadh 20% d'acmhainní breise ar chláir chun leasa leanaí. • Bhí ról gníomhach ag Éire sa 3ú Fóram Ardleibhéil ar Éifeachtacht Cúnaimh in Gána i mí Mheán Fómhair 2008 agus chuir sí le dréachtadh Chlár Oibre do Ghníomhú Accra. • Cuireadh Páipéir Straitéise Tíre nua i bhfeidhm don Aetóip agus do Leosóta, chomh maith le straitéis tíre eatramhach do Timor-Leste chun tacú le bunriachtanais sa stáit iar-choinbhleachta leochaileach seo. • Lean Cúnamh ó Éirinn ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'athchóiriú a dhéanamh ar chóras forbartha na NA agus reáchtáil díospóireachtaí i measc Ballstáit na NA ar mholtaí an Phainéil Ardleibhéil ar Chomhtháthú ar Feadh an Chórais. • Ghlac páirt ghníomhach, trí thacaíocht airgeadais agus trí ionchur beartais, le cláir athchóirithe na NA ag leibhéal tíre i Vítneam, sa Tansáin agus sa Mhaláiv. • Cheadaigh comhaontú ar mhaoiniú de €15 milliún thar an tréimhse 2008-2012 do Líonra Cóirthrádála na hÉireann (IFTN) chun tacú le breis agus 435,000 feirmeoir caifé in Oirthear na hAifrice rochtain a dhéanamh ar mhargaí na hÉireann, an AE agus an domhain. • Ag teacht leis an tiomantas sa Pháipéar Bán chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na meicníochtaí maoinithe do ENRanna, ardaíodh an líon eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú blocdheontais ilbhliantúil ó 6 in 2007 go dtí 24 ag deireadh 2008.
Seirbhísí Consalachta agus Pasanna	• Thug freagra éifeachtach ar líon mór cásanna consalachta, lena n-áirítear breis agus 200 bás thar lear agus thug tacaíocht consalachta chuimsitheach do mhórimeachtaí spóirt thar lear. • D'fhoilsigh Cairt Seirbhísí Consalachta, Taisteal go Sábháilte - Slán Abhaile. • Sheol an Clárúchán Taistil Ar Líne (deonach). • Chuir bunachar sonraí ríomhairaithe nua isteach (Cabhair) chun bainistíocht níos éifeachtaí a dhéanamh ar chásanna consalachta. • Chuaigh i dteagmháil an athuair le compháirtithe sna tionscail taistil, sláinte agus árachais, in Óglaigh na hÉireann, sa Gharda Síochána, san FSS agus sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí chun cúnamh a thabhairt do shaoránaigh thar lear. • Chuaigh i mbun beart chun moltaí na Tuarascála ar Phríosúnaigh Éireannacha Thar Lear a chur i bhfeidhm.

- Leathadh córas nua do víosaí (AVATS) amach do 54 Misean; féadfaidh iarratasóirí in 175 tír an fhoirm iarratais ar líne a úsáid anois.
- Tugadh córais faisnéise san Ionad Géarchéime reatha cothrom le dáta chun freagra na Roinne ar Éigeandáil Chonsalachta thar lear a fheabhsú.
- Achtaíodh Acht na bPasanna 2008 agus chuaigh i ngníomh. Cuireadh rialacháin ghaolmhara ar thréimhsí bailíochta agus ar achomhairc i gcríoch chomh maith.
- Eisíodh breis agus 570,000 pas agus foilsíodh athbhreithniú ar sheirbhís na bpasanna ó thaobh luach ar airgead.
- Leithdháileadh deontais Chlár Tacaíochta d'Eisimircigh arb fhiú €15,183 milliún go léir iad ar thionscadail a thacaíonn le hEisimircigh Éireannacha thar lear trí 189 eagraíocht agus tionscadal ar feadh naoi dtír.
- Comhaontaíodh an Comhaontú um Shaoire Oibre le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus síníodh é.

Caidreamh Thuaisceart Éireann agus Angla-Éireannach

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine Chéasta a chur chun cinn trí thacú le hoibriú éifeachtach a chuid foras, comhoibriú Thuaidh/Theas a neartú agus oibriú ar son athmhuintearais fhadtéarmaigh.

Athbhreithniú ar 2008

Bliain do chomhdhlúthú an Phróisis Síochána i dTuaisceart Éireann a bhí in 2008 tar éis athbhunú Rialtais cineachta i mí Bealtaine 2007.

I mí Eanáir, tháinig an Feidhmeannas ar chomhaontú faoin mBuiséad, faoin gClár don Rialtas, agus faoin Straitéis Infheistíochta do Thuaisceart Éireann. Cheadaigh an Tionól na nithe sin. Rinneadh athrú ar chomhaltaí an DUP den Fheidhmeannas mar thoradh ar an Dr. Ian Paisley ag éirí as a bheith ina cheannaire ar pháirtí an DUP agus ina Chéad Aire i mí Bealtaine 2008. Peter Robinson was appointed First Minister, and Martin McGuinness re-appointed deputy First Minister, i mí an Mheithimh.

Cuireadh brú ar na Forais Chumhachtroinnte i rith na bliana seo caite freisin, nuair a bhí easaontas idir an dá pháirtí is mó san Fheidhmeannas. Níor raibh aon chruinniú de chuid an Fheidhmeannais ar feadh cúig mhí idir Bealtaine agus mí na Samhna mar gheall air sin. Chuir sin isteach ar a chuid oibre agus ar obair na bhForas eile de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta, lenar áiríodh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

Cuireadh tús an athuair le cruinnithe an Fheidhmeannais i mí na Samhna tar éis gur chomhaontaigh an DUP agus Sinn Féin bealach chun tosaigh do chineachadh na gcumhachtaí póilíneachta agus cirt go dtí Tionól TÉ. Le linn na n-idirbheartaíochtaí, chuir an dá Rialtas tacaíocht agus cúnamh ar fáil do na páirtithe le go dtiocfadh siad ar réiteach inmharthanach. Is ionann an comhaontú sin agus clochmhíle maidir le cur i bhfeidhm iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Comhaontú Chill Rímhinn.

D'fhreastail an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha ar an gComhdháil Infheistíochta SAM i mBéal Feirste i mí Bealtaine, mar thacaíocht do chuspóir an Fheidhmeannais maidir le hinfheistíocht ó SAM a mhealladh go dtí Tuaisceart Éireann.

D'óstaigh an Rialtas an séú cruinniú iomlánach de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgain i mí Feabhra 2008, chomh maith le dhá chruinniú déag i bhformáid earnálach.

D'óstaigh an Taoiseach cruinniú mullaigh de Chomhairle na Breataine-na hÉireann (CBÉ) i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra, agus ina dhiaidh sin tionóladh an 11ú cruinniú mullaigh CBÉ i nDún Éideann i mí Mheán Fómhair.

I mí Feabhra, sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha an Ciste Frith-Sheicteachais chun cúnamh a thabhairt le tionscadail i gceantair idirphlé atá leagtha amach go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúis an tseicteachais agus chun teannas a laghdú.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Comhdhlúthú na bhForas

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le hobair an Fheidhmeannais agus an Tionóil sa chéad bhliain iomlán den Rialtas cineachta ó atugadh cumhacht don Tionól in 2007. Cheadaigh an Tionól Clár do Rialtas agus do Straitéis Infheistíochta do Thuaisceart Éireann, chomh maith leis an mBuiséad, i mí Eanáir. Le linn 2008, thug an Feidhmeannas aghaidh ar roinnt réimsí príomh-bheartais chomh maith, lenar áiríodh ardoideachas, beartais phleanála agus tionchar Thuaisceart Éireann ar an ngéarchéim eacnamaíoch domhanda atá ag fás.

Mar sin féin, bhí roinnt dúshlán os comhair an Fheidhmeannais ina chlár oibre agus ní raibh aon chruinniú aige ar feadh cúig mhí idir Bealtaine agus mí na Samhna. Chuir sin isteach ar a chuid oibre agus ar obair fhorais eile de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta, go háirithe an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas. Chuir an Rialtas tacaíocht agus cúnamh ar fáil do na páirtithe agus iad ag obair chun réiteach a fháil ar a gcuid deacrachtaí agus choinnigh siad i ndlúth-theagmháil le Rialtas na Breataine le linn na tréimhse. Thángthas ar chomhaontú ar chineachadh póilíneachta agus cirt idir na páirtithe is mó i mí na Samhna agus lean an Feidhmeannas ar aghaidh ansin lena chuid oibre. Forbairt shuntasach a bhí ansin ó thaobh an phróisis chineachta a chur i gcrích agus thug sé deimhniú an athuair maidir le hinmharthanacht na socruithe cumhachtroinnte ag Stormont.

I mí Bealtaine, ar chéad chomóradh bliana na hathbheochana cumhachtroinnte, d'óstaigh an Feidhmeannas Chomhdháil Infheistíochta SAM i mBéal Feirste, chun tacú lena chuspóir d'infheistíocht ollmhór ó SAM a mhealladh chuig Tuaisceart Éireann. D'fhreastail an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha ar an imeacht seo, in éineacht le Príomh-Aire na Breataine agus Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann. I mí an Mheithimh, thug Uachtarán Bush cuairt ar Thuaisceart Éireann. Ag tarraingt ar dheireadh na bliana, agus tar éis atosú chruinnithe an Fheidhmeannais, thug an Chéad Aire agus an leas-Chéad Aire cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá mar iarracht ar infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh chuig Tuaisceart Éireann.

Cineachadh Póilíneachta agus Cirt

I mí na Samhna, d'fhógair an Chéad Aire agus an Leas-Chéad Aire go raibh siad tar éis teacht ar chomhaontú maidir le próiseas as a leanfadh cineachadh chumhachtaí póilíneachta agus cirt chuig an Tionól. Leagann an comhaontú sin sraith céimeanna amach atá le tógáil ag an Tionól agus ag Westminster ag tarraingt ar aistriú na gcumhachtaí póilíneachta agus cirt. Áirítear air modheolaíocht chun Aire Dlí agus Cirt a thogadh, ag móramh náisiúnach agus aontachtach sa Tionól. Beidh na socruithe sin i bhfeidhm go dtí mí Bealtaine 2012. Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag tacú le dul chun cinn sa réimse sin.

Timpeallacht Slándála

Bhí Séasúr na bParáidí sách síochánta in 2008. Lean an Roinn ar aghaidh ag dul i gcomhairle le príomhgheallsealbhóirí ar an tsaincheist seo, lenar áiríodh i gcomhthéacs an **Athbhreithnithe Straitéiseach ar Pharáidiú**. D'fhoilsigh Cathaoirleach an Athbhreithnithe, Paddy Ashdown, tuarascáil comhchomhairle eatramhach i mí Aibreáin, agus táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil iomlán níos deireanaí in 2009.

D'fhoilsigh **An Coimisiún Neamhspleách Faireacháin (CNF)** trí thuarascáil in 2008**.** Ina thuarascáil i mí Mheán Fómhair, dhearbhaigh an CNF go raibh Óglaigh Sealadach na hÉireann tiomanta go hiomlán don bhealach polaitiúil, nach raibh a

‘Comhairle Airm’ ag oibriú nó i bhfeidhm níos mó, agus go rabhthas ag ligean don eagraíocht dul in éag. Ina thuarascáil i mí na Samhna, tharraing an CNF aird ar na leibhéil ardaithe de ghníomhaíocht pharaimhíleatach easaontach.

An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus Comhoibriú Thuaidh/Theas

D'óstaigh an Rialtas an séú chruinniú iomlánach de chuid na Comhairle Thuaidh-Theas ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgain an 7 Feabhra 2008, agus phléigh an Rialtas agus Airí an Fheidhmeannais an dul chun cinn sa chomhoibriú Thuaidh/Theas a raibh forbairt á déanamh air. Le linn 2008, tionóladh dhá chruinniú earnálach déag de chuid an CATT, ina brúdh obair ar aghaidh chun forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chomhoibriú i réimsí mar sláinte agus oideachas, talmhaíocht, turasóireacht agus iompar.

Rinneadh comhoibriú leanúnach in 2008 idir Ranna Rialtais agus a gcomhbhéisí i dTuaisceart Éireann maidir le baint amach tosaíochtaí sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2007-2013) agus sa Staidéar Cuimsitheach ar Gheilleagar Uile-Oileánda. Áiríodh ar phríomh-ghnóthachtálacha 2008:

- Réamh-mheasúnú ar chonair-bhealach d'uasghrádú bhóthar an A5 curtha i gcrích
- Maoiniú €4.3milliún le haghaigh oibreacha uasghrádaithe ag Aerfort Chathair Dhoire
- Staidéar teicniúil do dhroichead ag Caol Uisce curtha i gcrích
- Maoiniú Interreg de €30m daingnithe do Thionscadal Kelvin (atá leagtha amach chun seirbhísí leathanbhanda san Iarthuaisceart a fheabhsú)
- Creat Pleanála Spáis don Iarthuaisceart curtha i gcrích
- Cláir leanúnacha chun rochtain ar sheirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh agus radaiteiripe a cheadú ar bhonn trasteorann
- Faisnéis baincéireachta trasteorann ar mhuirir ar fáil anois ar an láithreán gréasáin soghluaisteachta trasteorainn www.borderpeople.info.

Brúdh obair ar aghaidh in 2008 ar Athbhreithniú Chill Rímhinn ar na Comhlachtaí Feidhmithe Thuaidh/Theas agus ar Áiteanna do Chomhoibriú.

Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Tionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann

Leanann an Roinn ar aghaidh ag dul ar thóir oibriú éifechtach Chomhairle na Breataine-na hÉireann. D'óstaigh an Taoiseach an 10^{ú} Cruinniú Mullaigh de chuid BIC i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. Pléadh raon saincheisteanna, ina measc mí-úsáid drugaí agus éifeachtacht na Comhairle amach anseo, ag an gcruinniú sin. Tionóladh an 11^{ú} Cruinniú Mullaigh, a thug aghaidh ar shaincheisteanna mar dhéimeagrafaíocht agus fuinneamh, i nDún Éideann i mí Mheán Fómhair.

Lean an Roinn ar aghaidh ag tabhairt cúnaimh maidir le caidreamh pharlaiminteach Thoir/Thiar a fhorbairt agus a neartú trí Chomhlacht Idir-Pharlaiminteach na Breataine agus na hÉireann. Bhí dhá chruinniú ag an Eagraíocht – a athainmníodh mar Thionól Parlaiminteach na Breataine na hÉireann in 2008 – i rith na bliana, i Loch Garman agus in Newcastle-upon-Tyne. D'fhreastail ionadaithe ón bPáirtí Aontachtach Uladh agus ón bPáirtí Aontachtach Daonlathach ar an gcruinniú i mí Dheireadh Fómhair in Newcastle den chéad uair mar chomhaltaí iomlána den eagraíocht.

Athmhuintearas a Chur Chun Cinn agus Díriú ar Sheicteachas

Sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha a bhí ann ag an am an **Ciste Frith-Sheicteachais** i rith cuairte ar Bhéal Feirste i mí Feabhra. Is é aidhm an chiste seo, a bheidh á riaradh ag an Rialtas in éineacht leis an **gCiste Athmhuintearais**, tacú le

tionscadail a bhíonn ag iarraidh dul i ngleic le seicteachas agus a bhfuil mar chúis leis agus cabhrú leis an teannas a laghdú ag áiteanna conspóideacha ar fud Tuaisceart Éireann. In 2008, scaip an dá Chiste maoiniú de €3milliún ar 109 grúpa a bhí ag obair go gníomhach chun athmhuintearas a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar sheicteachas. Tionóladh an tríú Fhóram Líonraithe Athmhuintearais bliantúil i mBaile Átha Cliath Castle i mí Aibreáin. Chruinnigh an Fóram grúpaí daoine a bhí ag obair ar shaincheisteanna athmhuintearais ar fud an oileáin le chéile agus thug sé deis uathúil chun machnamh a dhéanamh ar cheachtanna a foghlamaíodh agus thug sé deis bualadh le grúpaí eile a bhí ag obair ar shaincheisteanna comhchosúla.

Chuir **an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn,** a dtacaíonn an Roinn lena riaradh, maoiniú €47.15 milliún ar fáil do thionscadail a bhí dírithe ar athmhuintearas a chothú agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh sna pobail is mó imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha ar dheisceart na teorann. Ceadaíodh sin trí thacaíocht fhlaithiúil an Aontais Eorpaigh agus Rialtais Stáit Aontaithe Mheiriceá, Cheanada, na hAstráile agus na Nua-Shéalainne.

Aghaidh a thabhairt ar oidhreacht na coinbhleachta

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an gCoimisiún d'Íospartaigh agus do Mharthanóirí, a bhunaigh Oifig an Chéad Aire agus an Leas-Chéad Aire in 2008, lena n-áirítear saincheisteanna leasa a eascraíonn as an gcoinbhleacht a ardú. Le linn na bliana, lean an Roinn ar aghaidh ag déanamh dlúth-idirchaidreamh leis an nGrúpa Comhairligh ar an Am atá Caite, a bhunaigh Rialtas na Breataine i mí an Mheithimh 2007 agus a d'fhoilsigh a thuarascáil i mí Eanáir 2009. Leanann an Roinn ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt agus le monatóireacht a dhéanamh ar na fiosrúcháin phoiblí atá ar bun sa Tuaisceart agus ag cur feidhmiú iomlán na moltaí a comhaontaíodh ag Páirc Weston chun cinn.

Ról na hÉireann sa Domhain

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Cur le síochán agus slándáil idirnáisiúnta, réiteach coinbhleachta a chur chun cinn, meas ar chearta daonna agus riail an dlí a chur chun cinn, agus tacú le comh-straitéiseacha éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhanda.

Athbhreithniú ar 2008

Le linn 2008, bhí an Roinn bainteach le gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an sprioc ardleibhéil seo a chur ar aghaidh. Mar rannpháirtí gníomhach i ngach chuid de Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE, trínár bpróifíl ard sna NA, san OSCE, i gComhairle na hEorpa agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, agus trínár gcaidreamh le Stáit eile, leanfaimid orainn ag cur go mór le síochán agus le slándáil idirnáisiúnta.

Le linn 2008, bhí Éire chun tosaigh maidir le raon saincheisteanna, lenar áiríodh:

- Tacú le hiarrachtaí chun cúrsaí a chobhsú sa tSúdán agus in Sead;
- Caidreamh straitéiseach an AE le Meiriceá Laidineach, lenar áiríodh compháirtíochtaí straitéiseacha AE leis an mBrasaíl agus le Meicsiceo a chur i bhfeidhm;
- Ról ceannaireachta a imirt maidir le hiarrachtaí chun comhtháthú inmheánach na NA agus a sheachadadh ar chúnaimh forbartha a fheabhsú;
- Cur le ról rathúil an AE maidir le stop a chur leis an gcoinbhleacht sa tSeoirsia trí phearsanra a sheoladh chuig misean monatóireachta an AE atá imscartha ansin;
- Deireadh le scoiteacht mhuintir Gaza agus athoscailt na bhealaí trasteorann na críche a lorg;
- Tiomantas láidir leanúnach ar aghaidh a thabhairt ar ábhair imní chearta daonna lena n-áirítear in Burma agus sa tSiombáib;
- Neamhspleáchas na Cosáive a aithint.

Ba ghnóthachtáil ollmhór de chuid 2008 ná cur i gcrích rathúil Choinbhinsiún a chuireann cosc ar úsáid, ar fhorbairt, ar tháirgeadh, ar fháil, ar charnadh, ar choinneáil agus ar aistriú chnuas-mhuinisin. Bhí Éire mar bhall den ghrúpa lárnach tíortha a bhrú an “Próiseas Oslo” sin ar aghaidh. Ba é bhuaicphointe ár n-iarrachtaí comhdháil a óstáil i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2008 inar thángthas ar chomhaontú ar Choinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin.

Bhí imeachtaí sa Mheán Oirthear chun tosaigh i gcónaí ar an gclár oibre idirnáisiúnta in 2008 agus bhí ról gníomhach ag Éire, lenar áiríodh tríd an gcuairt a thug an tAire Martin ar an Éigipt, ar Iosrael agus ar na Críocha Palaistíneacha atá faoi Fhorghabháil i mí Iúil. Taobh amuigh dó sin, chuir Éire maoiniú ar fáil d'atógáil agus d'iarrachtaí daonnúla sa tSeoirsia agus thug an tAire Martin cuairt ar an tír i mí na Samhna agus bhuail sé le ceannairí polaitiúla.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

An Aifric

Lean Éire ar aghaidh lena baint láidir chun tacú le réiteach ar ghéarchéimeanna polaitiúla agus daonnúla san Aifric, ag tabhairt tosaíochta faoi leith ar chúrsaí in Oirthear an DRC, sa tSomáil, sa tSúdán agus in Sead, ina bhfuil comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann imscartha mar chuid de mhisean EUFOR an AE in Sead. Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha, a bhí ann ag an am, an tUas. Dermot Ahern T.D., cuairt ar an gCéinia i mí Aibreáin Kenya i mí Aibreáin agus chuir Éire tacaíocht airgeadais ar fáil d'iarrachtaí idirghabhála iar Ard-Rúnaí na NA, Kofi Annan sa Chéinia, iarrachtaí ar éirigh leo agus as a lean foirmliú Rialtais aontaithe go náisiúnta.

Mhol Éire go láidir do chomharsana na Siombáibe brú a chur ar riailréim Mugabe chun meas a léiriú ar chearta daonna agus ar riail an dlí. D'oibrigh Éire chun freagra iomchuí ón AE ar chúrsaí sa tír a bhí ag imeacht chun donais, a cheapadh. Cuireadh le gaoil pholatiúla le tíortha na hAifrice trí chuairteanna an Taoisigh ar an Aifric Theas agus ar an Tansáin i mí Eanáir. Dhaingnigh cuairt an Aire Stáit an Uasail Power ar an Maláiv i mí an Mheithimh an gaol láidir a thosaigh oscailt Ambasáid nua de chuid na hÉireann in Lilongwe go deireanach in 2007, agus thug sé deis béim a chur ar an tábhacht a chuireann Éire ar dhea-rialachas polaitiúil i gcomhthéacs forbartha.

An Meán Oirthear

Tharla roinnt forbairtí polaitiúla dearfacha i bPróiseas Síochána an Mheáin Oirthear in 2008. Rinne cainteanna díreacha idir Iosrael agus an Údarás Palaistíneach faoi Phróiseas Annapolis roinnt dul chun cinn maidir le saincheisteanna stádais dheiridh a phlé, cé nár baineadh amach an sprioc de theacht ar shocrú foriomlán faoi dheireadh na bliana. Léiríodh freisin go raibh cainteanna gaireachta ar siúl idir Iosrael agus an tSiria faoi óstáil na Tuirce, rud a rinne athnuachan ar bhealach idirbheartaíochta a tháinig stad leis in 2000. Mar sin féin, bhí ardú ar thógáil lonnaíochtaí Iosrael ar an mBruach Thiar agus scoiteacht leanúnach Gaza mar bhacainní ar shíochán i gcónaí. Bhagair an choinbhleacht a tharla ag deireadh na bliana in Gaza deireadh a chur leis an dul chun cinn a bhí déanta.

Bhí Éire chun tosaigh maidir le freagra an AE ar fhorbairtí sa réigiún a chruthú. Bhuail an tAire Gnóthaí Eachtracha, an tUas. Micheál Martin T.D., le hUachtarán na hÉigipte, Hosni Mubarak, le hAire Gnóthaí Eachtracha Iosrael, Tzipi Livni, le

hUachtarán na Palaistíne, Mahmoud Abbas, le Príomh Aire na Palaistíne, Salam Fayyad, agus le hAire Gnóthaí Eachtracha na hIaráine, Manouchehr Mottaki. Sna cruinnithe sin, leag an tAire an ról atá an Rialtas ag imirt, go díreach agus i gcomhar lenár gcomhpháirtithe san AE amach, maidir le socrú leanúnach agus cóir ar an gcoinbhleacht a chur chun cinn. Thug an tAire cuairt ar éirigh go maith léi ar an réigiún i mí Iúil. Bhí Éire chun tosaigh maidir le athoscailt na mbealaí trasteorann in Gaza a lorg chomh maith.

An Áis

Ábhar mór imní a bhí i gcúrsaí in Burma i gcónaí. Choinnigh Éire seasamh chun tosaigh ar an staid thromchúiseach ansin ó thaobh cearta daonna agus leag an Aire Martin ábhair imní na hÉireann amach ina óráid ar Chomthionól Ginearálta na NA i mí Mheán Fómhair, ag déanamh athrá faoi leith ar an nglaoch maidir le scaoileadh saor láithreach Aung San Suu Kyi agus na príosúnaigh pholaitiúla a bhí coinnithe léi agus ag cur áiféala in iúl nach ndearna an giunta míleatach caidreamh ceart le Misean Cuidithe Ard-Rúnaí na NA. Bhí baint ghníomhach ag Éire in athnuachan Chomhsheasamh an AE a bhí comhdhéanta de raon smachtbhannaí agus bearta sriantacha ar Bhurma.

Lean Éire le forbairt a dhéanamh ar a caidreamh pholatiúil le tíortha na hÁise agus le heagraíochtaí réigiúnacha. I mí Dheireadh Fómhair 2008, bhuail an Taoiseach le ceannairí na hÁise ag Cruinniú na hÁise-na hEorpa (ASEM) in Béising agus thug faoi chuairt déthaobhach tábhachtach ar an tSín.

Meiriceá

Toghadh Barack Obama mar Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá in 2008. I dteannta cuairteanna rialta ar SAM ag Airí an Rialtais, thug an tAire Gnóthaí Eachtracha a bhí ann aga an am cuairt ar an Airgintín i mí an Mhárta agus thaisteal an tAire Power go dtí Cruinniú Mullaigh an AE-Thíortha Mheiriceá Laidineach i mí Bealtaine. Choinnigh Éire le clár oibre Chearta Daonna i Meiriceá Laidineach, lenar áiríodh trí rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas Athbhreithnithe Piaraí Uilíoch ag an gComhairle um Chearta Daonna.

An Eoraip

I dteannta tacú le misean monatóireachta an AE sa tSeoirsia, chuir Éire €2 milliún ar aghaidh i dtreo costas cúnaimh atógála agus daonnúla. Chuir Éire comhaontú idirnáisiúnta déthaobhach i gcrích freisin leis an mBealarúis a thug deis leanúint ar aghaidh leis na saoirí a chaitheann leanaí ó Searnóbail in Éirinn. Thug Éire aitheantas do neamhspleáchas na Cosáive agus chuir sí leis an gcomhdháil bronntóra don Chosáiv ar éirigh go maith léi. Lean os cionn 230 comhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ar fónamh le KFOR agus ceapadh comhaltaí den Gharda Síochána ar an Misean ESDP ansin. Thug an Taoiseach agus an tAire Cosanta cuairt ar an gCosáiv an 22 Nollaig agus bhuail siad le pearsanra de chuid KFOR na hÉireann agus ESDP agus le Uachtarán agus le Príomh-Aire na Cosáive.

Cearta Daonna

Ag an gComhairle ar Chearta Daonna sa Ghinéiv, d'oibrigh Éire le comhpháirtithe an AE le torthaí láidre aontaithe a chinntiú lenar áiríodh seisiúin speisialta a reáchtáil ar na Críocha Palaistíneacha atá faoi Fhorghabháil agus ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Stiúraigh Éire idirbheartaíocht thar ceann an AE d'athnuachan rathúil mhandáid an Rapporteur ar Chosantóirí Chearta an Duine agus ag Comhthionól na NA maidir leis an rún faoin gCeart ar Bhia.

Mar léiriú ar an ardmheas atá ar Éire go hidirnáisiúnta, atoghadh ainmní na hÉireann, an tOllamh Michael O'Flaherty ar Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Fuair sé an líon vótaí ba airde ar fad as na hiarrthóirí go léir. Scrúdaigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine Tríú Thuarascáil na hÉireann faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla i mí Iúil.

Na Náisiúin Aontaithe

Bhí dlúth-bhaint ag Éirinn leis an raon iomlán saincheisteanna NA agus leanadh leis an mbaint láidir atá againn le clár oibre Athchóirithe na NA. Áiríodh air sin ról ceannaireachta ar iarrachtaí chun comtháthú inmheánach na NA agus an seachadadh a dhéanann sé ar chúnamh forbartha a fheabhsú. Chuir Ionadaí Buan na hÉireann ar na NA i Nua Eabhrac a cheapachán mar Comh-Chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre an Chomhthionóil ar Chomhtháthú ar feadh an Chórais chun críche. Chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Uachtaráin an Chomhthionóil i mí Iúil. I mí Mheán Fómhair, chuir an Comhthionól fáilte roimh an tuarascáil agus comhaontaigh siad gluaiseacht ar aghaidh sna ceithre réimse tosaíochta a aithníodh inti.

Dí-armáil agus Neamhleathadh

I dteannta an róil cheannaireachta a bhí ag Éirinn maidir le cosc idirnáisiúnta ar chnuas-mhuinisin, a bhaint amach, lean Éire le bheith rannpháirteach go gníomhach san obair ullmhúcháin a bhí dírithe ar thoradh dearfach ar Chomhdháil Athbhreithnithe 2010 ar an gConradh Núicléach ar Neamhleathadh a dhaingniú. I mí an Mhárta 2008, d'óstaigh an Rialtas an cúigiú chruinniú d'Fhóram Airteagail VI Thionscnamh na Meán-Chumhachtaí dar teideal *NPT: Pathfinder to a Nuclear-Free World*, a bhailigh ionadaithe tábhachtacha ón Rialtas agus ón ENR le chéile.

Réiteach Coinbhleachta

Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha a bhí ann ag an am, an tUas. Dermot Ahern cuairt ar Timor-Leste i mí Feabhra agus d'fhógair ceapachán Nuala O'Loan Uas. mar an gcéad Ambasadóir taistil ó Éirinn le ról mar Thoscaire Speisialta do Réiteach Coinbhleachta in Timor-Leste. Thug Nuala O'Loan Uasal cuairt ar Timor-Leste faoi dhó in 2008, agus bhuail sí leis an Uachtarán, leis an bPríomh-Aire agus le daoine tábhachtacha eile agus le hionadaithe ó na NA. Áiríodh ar na tionscadail in Timor-Leste a tugadh tacaíocht dóibh clár gníomhaíochtaí Síochána, Cuimhneacháin agus Athmhuintearais faoi chomhordú Trócaire, forbairt córais luath-rabhaidh agus freagartha agus tacaíocht do chainteanna ardleibhéil ar son cheannairí Thíomór.

Tá roinnt tionscnamh brúite ar aghaidh mar thacaíocht do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar Mhná, ar Shíochán agus ar Slándáil, agus seoladh próiseas trasfhoghlama ag cuimsiú Tuaisceart agus Deisceart na hÉireann, an Libéir agus Timor-Leste. Tá caidrimh forbartha le príomh-eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear na NA agus an AE, agus le ENRanna. Bunaíodh scéim scoláireachtaí ceathrú leibhéal sa réimse réiteach coinbhleachta i gcomhar le Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus do na hEolaíochtaí Sóisialta agus bronnadh an chéad dá scoláireacht.

Slándáil agus Cosaint Idirnáisiúnta

B'ionann imscaradh breis agus 400 trúpaí chuig misean míleata an AE EUFOR Tchad/RCA, faoi mhandáid na NA, faoi cheannas oibríochtúil an Leifteanaint-Ghinearál Pat Nash, agus tiomantas suntasach acmhainní ó Éirinn. Ghlac comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, in éineacht le trúpaí ón bhFionlainn, ón Iorua, ón Eastóin agus ón Eilvéis, páirt sa Chathghrúpa Nordach a bhí ar fuaireachas le himscaradh sa chéad leath de 2008.

Tháinig ardú suntasach ar rannpháirtíocht na hÉireann i misin ESDP sibhialta in 2008 chomh maith. Imscaradh naonúr pearsanra ar EULEX na Cosáive, misean riail an dlí an AE sa Chosáiv, agus bhí ochtar comhaltaí den Gharda Síochána ina measc. Imscaradh ceathrar monatóir, maoinithe ag Cúnamh ó Éirinn, i mí Mheán Fómhair 2008 mar fhreagra ar an ngéarchéim sa tSeoirsa, chun páirt a ghlacadh i Misean Monatóireachta an AE sa (EUMM na Seoirsia).

An tAontas Eorpach

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Leasanna na hÉireann san AE a dhaingniú agus cur go hiomlán le forbairt an Aontais amach anseo

---

Athbhreithniú ar 2008

Lean Rannán Aontais Eorpaigh na Roinne (AE) ar aghaidh ag obair go dlúth le Ranna Rialtais eile chun freagra straitéiseach agus comhordaithe a chinntiú thar raon saincheisteanna AE agus é ar thóir leasanna na hÉireann ag leibhéal an AE.

Tar éis chinneadh na ndaoine an 12 Meitheamh gan ligint don Stát Conradh Liospóin a dhaingniú, choimisiúnaigh an Rialtas tionscadal taighde neamhspleách a bhí leagtha amach chun na hábhair imní is cúis leis an gcinneadh sin a aithint. Rinne Fo-Choiste an Oireachtais tuilleadh scrúduithe ar Thodhchaí na hÉireann san Aontas Eorpach, agus rinne sé tuarascáil ag deireadh mhí na Samhna.

I mí na Nollag, thairg Comhairle na hEorpa pacáiste rathaíochtaí dlí a chur ar fáil d'Éirinn a chuimseodh na príomh-réimsí imní a aithníodh, ba iad sin cánachas, neodracht agus forálacha Bhunreacht na hÉireann ar an gceart chun na beatha, oideachais agus an teaghlaigh. Ina theannta sin, comhaontaíodh an prionsabal de Choimisinéir amháin in aghaidh an Bhallstáit a choinneáil ar fhaitíos go rachadh

Conradh Liospóin i bhfeidhm. Chomhaontaigh an Rialtas an dara reifreann ar Chonradh Liospóin in 2009 ar an gcoinníoll go mbeadh na rathaíochtaí ag teacht go sásúil ó Chomhairle na hEorpa.

Leanadh le hidirbheartaíocht ar aontachas leis an gCróit agus leis an Tuirc in 2008, agus chuir Montainéagró isteach ar chomhaltas san AE.

Comhaontaíodh an Pacáiste ar Athrú Aeráide ag Comhairle na hEorpa i mí na Nollag 2008. Bhí Éire sásta gur cuireadh a cuid ábhair imní san áireamh agus gur cuireadh roinnt gnéithe nua atá ábhartha d'Éirinn san áireamh sa phacáiste a cuireadh ar aghaidh i mí Eanáir 2008.

Tharraing an ghéarchéim airgeadais a tháinig chun cinn sa dara leath de 2008 aird ar chomh tábhachtach is atá sé do thíortha an AE a bheith ag obair le chéile agus leag sé béim ar bhuntáistí chomhaltacht de limistéir an euro. Tar éis dlúthchaidrimh le hoifigigh ó Éirinn, cheadaigh an Coimisiún Eorpach an scéim Éireannach a leagadh amach chun na margaí airgeadais a chobhsú trí rathaíochtaí a thabhairt ar thaiscí agus fhiachais do bhancanna incháilithe i margadh na hÉireann, i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Cuireann Plean Téarnaimh Eacnamaíochta na hEorpa (PTEE) a comhaontaíodh i mí Lúnasa, creat comhtháite ar fáil le go rachaidh an tAontas i mbun gnímh.

Leanadh ar aghaidh leis an mbabhta reatha d'idirbheartaíochtaí trádála domhanda atá á reáchtáil faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála in 2008. Cé go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí a clúdaíodh, níorbh fhéidir teacht ar shocrú sna réimsí tábhachtacha rialacha sa talmhaíocht agus rochtain ar an margadh neamh-thalmhaíochta (RMNT).

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Conradh Liospóin

An 12 June, cuireadh Conradh Liospóin faoi bhráid na ndaoine mar reifreann. Vótáladh in aghaidh an Conradh a dhaingniú 53.2% in aghaidh 46.4%%. Cé gur léirigh an Rialtas meas ar thoradh an reifrinn, thug sé faoi anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na hábhair imní a bhí mar bhunús den vótáil sin a aithint, agus faoin tslí arbh fhéidir aghaidh a thabhairt air sin.

Thug taighde neamhspleách le tuiscint gurb iad na príomh-shaincheisteanna don lucht caite vótaí ná Coimisinéir Éireannach a choinneáil, cáin, cosaint/neodracht, agus saincheisteanna eitice, lenar áiríodh ginmhilleadh. Dheimhnigh Fo-Choiste Uile-Oireachtais ar Thodhchaí na hÉireann san Aontas Eorpach é sin. Dúirt tuarascáil an Fho-Choiste, a foilsíodh ag deireadh mhí na Samhna, go mbeadh sé chun leasa na hÉireann a bheith ag croílár na hEorpa.

Chreid an Rialtas go bhfuil sé chun leasa na hÉireann fanacht mar Bhallstát gníomhach agus rannpháirteach den AE, agus go bhfuil Conradh Liospóin tábhachtach maidir le forbairt an Aontais amach anseo, agus mar sin rinne an Rialtas iarracht teacht ar bhunús comhaontaithe chun gluaiseacht ar aghaidh lena chomhpháirtithe san AE.

Tar éis dian-idirbheartaíocht, thángthas ar chomhaontú ag cruinniú Chomhairle na hEorpa i mí na Nollag go bhfaigheadh Éire pacáiste rathaíochtaí dlí a chlúdódh na réimsí gur ábhair imní iad do mhuintir na hÉireann, mar a aithníodh thuas, agus go gcoinneodh gach Ballstát an ceart Coimisinéir a ainmniú, sa chás go rachfadh Liospóin i bhfeidhm.

Comhaontaíodh gur chóir na rathaíochtaí a chur i gcrích faoi lár 2009. Dúirt an Rialtas go lorgódh sé daingniú faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009, dá mbeadh sé sásta le toradh na hoibre sin. Faoi dheireadh 2008, bhí Éire ar cheann de cheithre Bhallstát nár dhaingnigh an Conradh. Ba iad Poblacht na Seice, an Ghearmáin agus an Pholainn na cinn eile.

Cuairteanna

Tugadh roinnt cuairteanna tábhachtacha ar an tír seo agus ar thíortha eile in 2008, rud a chuir le caidreamh na hÉireann le príomh-chomhpháirtithe an AE. Thug an Taoiseach faoi chuairt ar an tSlóivéin, ar an Ostair agus ar an bPolainn, áit ar chas sé le hUachtaráin agus le Príomh Airí na dtrí Bhallstát sin. Thug sé cuairt ar Pháras, ar Bheirlín, ar an mBruiséil, ar Londain, ar Lucsamburg, ar Stócólm agus ar Heilsincí roimh Chomhairle na hEorpa de mhí na Nollag, i gcomhair cainteanna lena chomhghleacaithe ansin.

Thug an tUachtarán Sarkozy cuairt ar Éirinn i mí Iúil chun i gcomhair cainteanna leis an Taoiseach, rud a rinne athdhaingniú ar ár ndlúth-chomhpháirtíocht leis an bhFrainc ar shaincheisteanna riachtanacha, go háirithe maidir le talmhaíocht na hÉireann a chosaint. Bhí cruinnithe ag an Taoiseach i mBaile Átha Cliath le Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel agus le hUachtarán Barroso de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Le linn na tréimhse arna clúdú sa tuarascáil seo, bhí an Taoiseach, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha rannpháirteach i gcomhairliúcháin fairsing le comhpháirtithe Eorpacha agus le Forais na hEorpa leis

an tacaíocht is leithne is féidir do sheasamh na hÉireann a chinntiú agus chun bealach ar aghaidh a aithint, tar éis toraidh an Reifrinn.

The An tAire Gnóthaí Eachtracha met with several of his EU colleagues as well as the President of the European Parliament, Mr Hans-Gert Pottering, and the Ard-Rúnaí of the Commission, Ms Catherine Day, following the outcome of Conradh Liospóin.

I mí Feabhra, thug an tUachtarán McAleese Cuairt Stáit ar an nGearmáin, áit a raibh cainteanna aici leis an Uachtarán Köhler agus leis an Seansailéir Merkel. I mí Mheán Fómhair, thug an tUachtarán Cuairt Stáit ar an Romáin agus chas sí leis an Uachtarán Basescu agus leis an bPríomh Aire Tariceanu. Thug Uachtaráin na hEastóine agus Phoblacht na Seice Cuairteanna Stáit ar Éirinn le linn na bliana chomh maith.

Athrú Aeráide/Fuinneamh Inathnuachana agus Plean Téarnaimh Eacnamaíoch na hEorpa

I mí na Nollag 2008 rinne Comhairle na hEorpa comhaontú ar an bpacáiste ó thaobh athrú aeráide a moladh níos luaithe sa bhliain. D'oibrigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha go dlúth le Ranna Rialtais eile lena chinntiú go gcuirfí gnéithe nua san áireamh sa phacáiste chun cuntas a thabhairt dár leasanna náisiúnta. Áirítear ar na gnéithe nua sin raon solúbthachtaí sa mholadh roinnte iarrachta a laghdóidh an costas d'Éirinn an sprioc -20% a bhaint amach. Bainfidh Éire leas as gníomhaíochtaí foraoiseachta a chur san áireamh i sprioc roinnte iarrachta na hÉireann faoi chomhaontú idirnáisiúnta ar aeráid amach anseo, nó mura mbeidh aon chomhaontú ann.

Áirítear ar Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta na hEorpa (PTEE) a comhaontaíodh i mí na Nollag 2008 an tIdir-Nascóir leictreachais idir Éire agus an Bhreatain Bheag, agus ceadaíodh maoiniú AE de €110 milliún dó sin in 2009.

An Eagraíocht Trádála Domhanda (WTO)

Lean an Roinn seo ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun leasanna na hÉireann a bhrú chun cinn agus a chosaint sa bhabhta reatha d'idirbheartaíocht trádála domhanda, Clár Oibre Forbartha Doha. Tionóladh cruinniú aireachta an WTO sa Ghinéiv i mí Iúil. Cé go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí, níor tháinig aon tátal as an gcrúinniú. Bhí Ard-Stiúrthóir WTO Pascal Lamy ag súil le cruinniú aireachta eile a reáchtáil roimh dheireadh 2008 ach, in imthosca inar dealraíodh nárbh fhéidir teacht ar réiteach, chinn sé gan an cruinniú a thionól.

Méadú

Le linn 2008, leanadh leis an idirbheartaíocht ar aontachas leis an gCróit agus leis an Tuirc. Osclaíodh sé chaibidil idirbheartaíochta eile leis an gCróit agus dúnadh cúig cinn in 2008. Osclaíodh ceithre chaibidil idirbheartaíochta leis an Tuirc. Bhí Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine mar iarrthóir ar bhallraíocht i gcónaí, ach níor socraíodh aon dáta chun an idirbheartaíocht a oscailt. Chuir Rialtas Montainéagró iarratas ar bhallraíocht faoi bhráid na hUachtaránachta an 15 Nollaig.

Lean an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar aghaidh ag cur oiliúna agus cúnaimh ar fáil do Bhallstáit nua an AE agus do thíortha iarrthóra trína Clár Cúnaimh Déthaobhach.

Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE)

Mhéadaigh an BCE an bhaint atá aige leis an Deisceart in 2008 nuair a seoladh an tAontas don Mheánmhuir (AdM). Ghlac AdM áit na Comhpháirtíochta Eora-Mheánmhara, ar a tugadh Próiseas Bharcelona roimhe seo, go hoifigiúil, ag an gCrúinniú Aireachta in Marseilles i mí na Samhna.

Miontuairiscí Rialta don Oireachtas

Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha miontuairiscí do Chomh-Choiste an Oireachtais ar Ghnóthaí na hEorpa roimh chruinnithe na Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Eachtrach (CGGCE) agus rinne siad tuarascálacha ar ghnó an AE go rialta le linn na bliana.

An Eoraip a Chur in Iúl

Thacaigh an Tionscnamh chun an Eoraip a Chur in Iúl (TEI), i measc nithe eile, le clár imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine. I ndiaidh foilsiú thaighde IMS Millward Brown ar thoradh an Reifrinn ar Chonradh Liospóin i mí Mheán Fómhair, tugadh faoi thionscadal a raibh mar aidhm leis tosaíochtaí na Roinne a athdhíriú i ndáil leis an Eoraip a Chur in Iúl.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Conradh Liospóin

An 12 June, cuireadh Conradh Liospóin faoi bhráid na ndaoine mar reifreann. Vótáladh in aghaidh an Conradh a dhaingniú 53.2% in aghaidh 46.4%%. Cé gur léirigh an Rialtas meas ar thoradh an reifrinn, thug sé faoi anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na hábhair imní a bhí mar bhunús den vótáil sin a aithint, agus faoin tslí arbh fhéidir aghaidh a thabhairt air sin.

Thug taighde neamhspleách le tuiscint gurb iad na príomh-shaincheisteanna don lucht caite vótaí ná Coimisinéir Éireannach a choinneáil, cáin, cosaint/neodracht, agus saincheisteanna eitice, lenar áiríodh ginmhilleadh. Dheimhnigh Fo-Choiste Uile-Oireachtais ar Thodhchaí na hÉireann san Aontas Eorpach é sin. Dúirt tuarascáil an Fho-Choiste, a foilsíodh ag deireadh mhí na Samhna, go mbeadh sé chun leasa na hÉireann a bheith ag croílár na hEorpa.

Chreid an Rialtas go bhfuil sé chun leasa na hÉireann fanacht mar Bhallstát gníomhach agus rannpháirteach den AE, agus go bhfuil Conradh Liospóin tábhachtach maidir le forbairt an Aontais amach anseo, agus mar sin rinne an Rialtas iarracht teacht ar bhunús comhaontaithe chun gluaiseacht ar aghaidh lena chomhpháirtithe san AE.

Tar éis dian-idirbheartaíocht, thángthas ar chomhaontú ag cruinniú Chomhairle na hEorpa i mí na Nollag go bhfaigheadh Éire pacáiste rathaíochtaí dlí a chlúdódh na réimsí gur ábhair imní iad do mhuintir na hÉireann, mar a aithníodh thuas, agus go gcoinneodh gach Ballstát an ceart Coimisinéir a ainmniú, sa chás go rachfadh Liospóin i bhfeidhm.

Comhaontaíodh gur chóir na rathaíochtaí a chur i gcrích faoi lár 2009. Dúirt an Rialtas go lorgódh sé daingniú faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009, dá mbeadh sé sásta le toradh na hoibre sin. Faoi dheireadh 2008, bhí Éire ar cheann de cheithre Bhallstát nár dhaingnigh an Conradh. Ba iad Poblacht na Seice, an Ghearmáin agus an Pholainn na cinn eile.

Cuairteanna

Tugadh roinnt cuairteanna tábhachtacha ar an tír seo agus ar thíortha eile in 2008, rud a chuir le caidreamh na hÉireann le príomh-chomhpháirtithe an AE. Thug an Taoiseach faoi chuairt ar an tSlóivéin, ar an Ostair agus ar an bPolainn, áit ar chas sé le hUachtaráin agus le Príomh Airí na dtrí Bhallstát sin. Thug sé cuairt ar Pháras, ar Bheirlín, ar an mBruiséil, ar Londain, ar Lucsamburg, ar Stócólm agus ar Heilsincí roimh Chomhairle na hEorpa de mhí na Nollag, i gcomhair cainteanna lena chomhghleacaithe ansin.

Thug an tUachtarán Sarkozy cuairt ar Éirinn i mí Iúil chun i gcomhair cainteanna leis an Taoiseach, rud a rinne athdhaingniú ar ár ndlúth-chomhpháirtíocht leis an bhFrainc ar shaincheisteanna riachtanacha, go háirithe maidir le talmhaíocht na hÉireann a chosaint. Bhí cruinnithe ag an Taoiseach i mBaile Átha Cliath le Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel agus le hUachtarán Barroso de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Le linn na tréimhse arna clúdú sa tuarascáil seo, bhí an Taoiseach, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha rannpháirteach i gcomhairliúcháin fairsing le comhpháirtithe Eorpacha agus le Forais na hEorpa leis

an tacaíocht is leithne is féidir do sheasamh na hÉireann a chinntiú agus chun bealach ar aghaidh a aithint, tar éis toraidh an Reifrinn.

The An tAire Gnóthaí Eachtracha met with several of his EU colleagues as well as the President of the European Parliament, Mr Hans-Gert Pottering, and the Ard-Rúnaí of the Commission, Ms Catherine Day, following the outcome of Conradh Liospóin.

I mí Feabhra, thug an tUachtarán McAleese Cuairt Stáit ar an nGearmáin, áit a raibh cainteanna aici leis an Uachtarán Köhler agus leis an Seansailéir Merkel. I mí Mheán Fómhair, thug an tUachtarán Cuairt Stáit ar an Romáin agus chas sí leis an Uachtarán Basescu agus leis an bPríomh Aire Tariceanu. Thug Uachtaráin na hEastóine agus Phoblacht na Seice Cuairteanna Stáit ar Éirinn le linn na bliana chomh maith.

Athrú Aeráide/Fuinneamh Inathnuachana agus Plean Téarnaimh Eacnamaíoch na hEorpa

I mí na Nollag 2008 rinne Comhairle na hEorpa comhaontú ar an bpacáiste ó thaobh athrú aeráide a moladh níos luaithe sa bhliain. D'oibrigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha go dlúth le Ranna Rialtais eile lena chinntiú go gcuirfí gnéithe nua san áireamh sa phacáiste chun cuntas a thabhairt dár leasanna náisiúnta. Áirítear ar na gnéithe nua sin raon solúbthachtaí sa mholadh roinnte iarrachta a laghdóidh an costas d'Éirinn an sprioc -20% a bhaint amach. Bainfidh Éire leas as gníomhaíochtaí foraoiseachta a chur san áireamh i sprioc roinnte iarrachta na hÉireann faoi chomhaontú idirnáisiúnta ar aeráid amach anseo, nó mura mbeidh aon chomhaontú ann.

Áirítear ar Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta na hEorpa (PTEE) a comhaontaíodh i mí na Nollag 2008 an tIdir-Nascóir leictreachais idir Éire agus an Bhreatain Bheag, agus ceadaíodh maoiniú AE de €110 milliún dó sin in 2009.

An Eagraíocht Trádála Domhanda (WTO)

Lean an Roinn seo ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun leasanna na hÉireann a bhrú chun cinn agus a chosaint sa bhabhta reatha d'idirbheartaíocht trádála domhanda, Clár Oibre Forbartha Doha. Tionóladh cruinniú aireachta an WTO sa Ghinéiv i mí Iúil. Cé go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí, níor tháinig aon tátal as an gcrúinniú. Bhí Ard-Stiúrthóir WTO Pascal Lamy ag súil le cruinniú aireachta eile a reáchtáil roimh dheireadh 2008 ach, in imthosca inar dealraíodh nárbh fhéidir teacht ar réiteach, chinn sé gan an cruinniú a thionól.

Méadú

Le linn 2008, leanadh leis an idirbheartaíocht ar aontachas leis an gCróit agus leis an Tuirc. Osclaíodh sé chaibidil idirbheartaíochta eile leis an gCróit agus dúnadh cúig cinn in 2008. Osclaíodh ceithre chaibidil idirbheartaíochta leis an Tuirc. Bhí Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine mar iarrthóir ar bhallraíocht i gcónaí, ach níor socraíodh aon dáta chun an idirbheartaíocht a oscailt. Chuir Rialtas Montainéagró iarratas ar bhallraíocht faoi bhráid na hUachtaránachta an 15 Nollaig.

Lean an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar aghaidh ag cur oiliúna agus cúnaimh ar fáil do Bhallstáit nua an AE agus do thíortha iarrthóra trína Clár Cúnaimh Déthaobhach.

Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE)

Mhéadaigh an BCE an bhaint atá aige leis an Deisceart in 2008 nuair a seoladh an tAontas don Mheánmhuir (AdM). Ghlac AdM áit na Comhpháirtíochta Eora-Mheánmhara, ar a tugadh Próiseas Bharcelona roimhe seo, go hoifigiúil, ag an gCrúinniú Aireachta in Marseilles i mí na Samhna.

Miontuairiscí Rialta don Oireachtas

Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha miontuairiscí do Chomh-Choiste an Oireachtais ar Ghnóthaí na hEorpa roimh chruinnithe na Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Eachtrach (CGGCE) agus rinne siad tuarascálacha ar ghnó an AE go rialta le linn na bliana.

An Eoraip a Chur in Iúl

Thacaigh an Tionscnamh chun an Eoraip a Chur in Iúl (TEI), i measc nithe eile, le clár imeachtaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine. I ndiaidh foilsiú thaighde IMS Millward Brown ar thoradh an Reifrinn ar Chonradh Liospóin i mí Mheán Fómhair, tugadh faoi thionscadal a raibh mar aidhm leis tosaíochtaí na Roinne a athdhíriú i ndáil leis an Eoraip a Chur in Iúl.

Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Éire agus a caidreamh déthaobhach le tíortha eile a chur chun cinn, ár leasanna eacnamaíochta a bhrú chun cinn agus cur lenár bpróifíl chultúrtha thar lear.

Athbhreithniú ar 2008

D'oibrigh an Ránnán Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear (PIAD) de chuid na Roinne go dlúth le misin thar lear, le gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil phríobháideach chun cur leis an bhfeasacht ar dheiseanna do chuideachtaí Éireannacha i margaí atá ag teacht chun cinn, agus chun infheistíocht dhíreach isteach sa tír a mhealladh. Bhain comhordú chuairteanna oifigiúla ardleibhéil, éascaíocht ar mhisin trádála agus comhaontuithe déthaobhacha a bhrú chun cinn leis an obair sin. Mar shampla, rinne PIAD comhordú ar chuairt trádála an Taoisigh ar an tSín i mí Dheireadh Fómhair.

Leanadh leis an obair ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte a leagadh amach sa doiciméad beartais ar obair eacnamaíoch na misean (2007) agus dhírigh na misin ar chuspóirí eacnamaíochta agus cultúrtha chomh maith. Tionóladh clár oiliúna mionsonraithe ar shaincheisteanna eacnamaíochta agus trádála i mí Bealtaine/an Mheithimh d'oifigigh ag dul thar lear ar phoist in 2008: áiríodh ar na réimsí a clúdaíodh infheistíocht dhíreach choigríche, onnmhairí, iomaíochas, ról na ngníomhaireachtaí stáit, agus earnálacha lena mbaineann tábhacht faoi leith do gheilleagar na hÉireann.

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le Straitéis na hÁise de chuid an Rialtais trí naisc eacnamaíochta a éascú, trína bheith rannpháirteach i gcruinnithe grúpaí Ardleibhéil, trí bhaint a bheith aici le gníomhaíochtaí leantacha, agus trí Chiste Straitéis na hÁise a riaradh trí idirchaidreamh a dhéanamh leis na misin sa réigiún. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn athbhreithniú in 2008 ar éifeachtacht an chaiteachais faoi mhaoiniú Straitéis na hÁise in 2006 agus 2007.

Lean an Ránnán Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear ar aghaidh ag cur tacaíochta ar fáil d'imeachtaí cultúrtha a chuir oidhreacht na hÉireann chun cinn thar lear trínár líonra misean. Tugann na tionscnaimh mhisin sin deis dár misin rochtain a dhéanamh ar an bpobal agus ar na meáin chun aghaidh a thabhairt ar chur chun cinn leasanna gnó. Rinne an Rannán dlúth-chomhoibriú leis an Roinn Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta agus le comhlachtaí cultúrtha eile mar Chultúr Éireann agus Institiúid na Scannán Éire.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Chomh maith le raon cuairteanna trádála isteach sa tír, d'eagraigh an Roinn (An Ránnán Prótacail, i gcomhar leis an Rannán 'Aonad Ceannaireachta' iomchuí agus le geallsealbhóirí eile) roinnt cuairteanna thar lear ag an Uachtarán agus roinnt cuairteanna ardleibhéil ar Éirinn ag Cinn Stáit (tá mionsonraí faoi na cuairteanna sin ar leathanach 34).

Rinne an Roinn comhordú ar 36 cuairt Lá Fhéile Pádraig freisin agus chinntigh sí gur úsáideadh iad chun príomh-leasanna eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn thar lear.

Le linn 2008 cónascadh an Rannán um Chaidreamh Déthaobhach Eacnamaíochta, an Rannán Chultúrtha agus an Roinn Faisnéise de chuid na Roinne le chéile chun An Ránnán Éire a Chur Chun Cinn Thar Lear a chruthú. Baineann an cónasc seo leas as suíomh na Roinne, lena n-áirítear trí Mhisin thar lear, chu trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn go díreach agus trí ghníomhaíocthaí cultúrtha agus tríd an bhfeasacht ar Éirinn a mhéadú i dtíortha eile. Tá sin ag teacht leis an mbéim níos mó atá á cur ag an Rialtas ar an tábhacht a bhaineann le naisc eacnamaíochta na hÉireann le tíortha eile a fhorbairt agus a mhéadú. Forbraíodh clár oiliúna mionsonraithe agus speisialaithe ar shaincheisteanna eacnamaíochta agus trádála d'oifigigh a bhíonn ag dul thar lear ar phoist in 2008.

Bhí an Roinn rannpháirteach in iarrachtaí chun margaí a ath-oscailt d'earraí agus do sheirbhísí Éireannacha, lena n-áirítear mairteoil (ath-osclaíodh margaí san Araib Shádach agus san Aifric Theas do mhairteoil ó Éirinn i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2008 faoi seach), agus d'oibrigh sí go dlúth leis na misin, na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí Stáit iomchuí chun tionchar na géarchéime muiceola a tharla i mí na Nollag a réiteach thar lear agus lena chinntiú go leanfadh margaí de bheith oscailte do tháirgí muiceola.

Tháirg na misin pleananna cultúrtha don bhliain chun próifíl ardchultúrtha a chur amach, pleananna a dhírigh ar nuáil ealíonta, don tír thar lear. Tugadh buiséid bheaga, tiomnaithe do na Misin le deis a thabhairt dóibh gníomhaíochtaí chultúrtha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Mar chuid dár ról chun faisnéis chruinn agus ábhartha ar Éirinn a chur ar fáil, rinneadh athchóiriú ar an leabhrán *Ireland in Brief* in 2008 agus tugadh cothrom le dáta é. Aistríodh é go dtí 13 teanga lena scaipeadh ag ár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí thar lear.

Cúnamh ó Éirinn

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Na gealltanais sa Pháipéar Bán ar Chúnamh ó Éirinn a bhaint amach trí bhochtanas a íoslaghdú, tacú le forbairt inmharthana agus comhoibriú forbartha a chur chun cinn mar chuid lárnach de bheartas eachtrach na hÉireann.

Athbhreithniú ar 2008

B'ionann líon iomlán an Chúnaimh Fhorbartha Thar Lear (CFTL) in 2008 agus €918 milliún, nó 0.58% den OTN.

Tugadh dílárú An Rannán um Chomhoibriú Forbartha chun críche go rathúil in 2008 nuair a bhog foireann isteach i gceanncheathrú nua i gCathair Luimnigh agus nuair a osclaíodh an tIonad Faisnéise agus Deonach, Cúnamh Ó Éirinn, i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir 2008.

Cuireadh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocrais faoi bhráid an Taoisigh ag Ceanncheathrú an NA, Nua Eabhrac, i láthair Ard-Rúnaí an NA, An tUasal Ban ki-Moon agus Ard-Rúnaí an NA do Ghnóthaí Daonchairdiúla, Mr. John Holmes.

Bhí an Tionscnamh um Fhreagra Pras – a chuidíonn soláthairtí faoiseamh daonchairdiúla a sheoladh go tapa agus comhaltaí den Chór Fhreagra Pras a imlonnú chuig chásanna éigeandála – mar ghné thábhachtach i bhfreagairt dhaonchairdiúla na hÉireann.

Bhí ról gníomhach ag Éirinn, arna ionadú ag an Aire Stáit do Chúnamh Thar Lear, Mr. Peter Power, sa 3ú Fóram Ardleibhéil ar Éifeachtacht Cúnaimh i Gána i mí Mheán Fómhair 2008 agus chuir sí go mór le dréachtú Chlár Oibre do Ghníomhú Accra.

Bhí Éire ina comhóstach rathúil ar an 4ú Fóram de chuid na gComhpháirtithe Domhanda ar Leanaí a ndearna VEID agus SEIF difear dóibh agus thug comhaontú chun críche ar phríomhthosaíochtaí beartais i leith gasúr.

Cuireadh páipéir straitéise tíre i bhfeidhm maidir leis an Aetóip agus le Leosóta, chomh maith le straitéis tíre eatramhach do Timor-Leste, stáit iar-choinbhleachta leochaileach.

Lean Cúnamh ó Éirinn ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'athchóiriú a dhéanamh ar chóras forbartha na NA agus a ghlac páirt ghníomhach, trí thacaíocht airgeadais agus trí ionchur beartais, le cláir athchóirithe na NA ag leibhéal tíre i Vítneam, sa Tansáin agus sa Mhaláiv.

Ag teacht leis an tiomantas sa Pháipéar Bán chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na meicníochtaí maoinithe do ENRanna, ardaíodh an líon eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú blocdheontais ilbhliantúil ó 6 in 2007 go dtí 24 ag deireadh 2008.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Ba é iomlán an Cúnaimh Forbartha Thar Lear (ODA) in 2008 ná €918 milliún, nó 0.58% den OTN.

Cuireadh dílárú an Rannáin um Chomhoibriú Forbartha, a oibríonn go seachtrach mar Chúnamh ó Éirinn, i gcrích go rathúil in 2008 nuair a bhog an fhoireann go dtí an ceanncheathrú nua i gCathair Luimnigh.

Chas an Coiste Idir-Rialtasach ar Fhorbairt, a bunaíodh in 2007, le chéile ceithre uaire in 2008. Chuir an Coiste a chéad Thuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha i mí an Mheithimh. Leagann an Tuarascáil ról agus gníomhaíochtaí an Choiste amach ó bunaíodh é agus déanann sé moltaí a dhéanann iarracht teacht ar chur chuige comhtháite ar fhorbairt ar feadh Ranna Rialtais.

D'oscail an Taoiseach a bhí ann ag an am, an tUas. Parthalán Ó hEachthairn, **an tIonad Cúnaimh ó Éirinn: Oibrithe Deonacha agus Faisnéis** an 22 Eanáir 2008. Tá dhá chuspóir ag an Aonad: faisnéis ar obair Chúnamh ó Éirinn agus ar shaincheisteanna forbartha níos ginearálta a chur ar fáil; agus seirbhís faisnéise a chur ar fáil do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí gur mian leo obair dheonach a dhéanamh ó thaobh oibre forbartha. Le linn a céad bliana, d'óstaigh an tIonad 179 imeacht a bhí bainteach le forbairt, reáchtáil sé clár oideachais do 144 scoil agus d'óstaigh sé 18 taispeántas sealadach.

Lean Éire ar aghaidh le maoiniú tráthúil agus éifeachtach a chur ar fáil d'éigeandálaí daonnúla trí chomhpháirtithe seanbhunaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, na Croise Deirge agus na comhpháirtithe ENR in 2008. Chuir Éire maoiniú ar fáil do Chiste Freagartha Éigeandála Lárnaigh (CFÉL) agus do Chomh-Chistí Daonnúla (CCD) atá faoi bhainistiú na Náisiún Aontaithe. Comhaontaíodh comhpháirtíocht mhaoinithe dhá bhliain do 2008/09 le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumann na Croise Deirge agus Chumann an Chorráin Dheirg (CICDCD). Tugadh cuireadh d'Éirinn a bheith ina comhalta de Choimisiún Comhairleach Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha (GNAFO) in 2008. Ina theannta sin, thosaigh Cúnamh ó Éirinn ar chomhpháirtíocht nua lena phríomh-chomhpháirtithe ENR sa réimse maoiniú daonnúil d'éigeandálaí fadmharthana.

Is gné atá ag éirí níos tábhachtaí é an **Tionscnamh Mear-Fhreagartha** maidir le hiarrachtaí freagartha daonnúla idirnáisiúnta na hÉireann. Sa bhliain 2008, rinneadh 27 imscaradh ón gCór Mear-Fhreagartha ar 14 tír, ina measc an tSúdán, Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, Srí Lanca, agus an tSomáil. Agus Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) á chur san áireamh, ardaíodh an líon comhpháirtí NA ar fuireachas ó trí cinn go dtí ceithre cinn. Tháinig méadú ar mhéid uainchlár na n-oibrithe deonacha de chuid an Chóir Mear-Fhreagartha go dtí beagnach 100 comhalta oilte. Seoladh soláthairtí faoisimh riachtanacha amach i 9 coinsíneacht ó stórais réamh-shuite na hÉireann in Brindisi na hIodáile agus ag Campa an Churraigh, go dtí éigeandálaí sa Mhósaimbíc, sa

PDC, sa Chéinia, in Burma/Myanmar, sa tSín, san Ioráic, in Tógó agus sa tSiombáib.

Cuireadh **Tuarascáil an Tascfhórsa Ocrais** faoi bhráid an Taoisigh i mí Mheán Fómhair 2008 ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe, Nua Eabhrac, i láthair Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, an tUas. Ban Ki-moon agus Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe do Ghnóthaí Daonnúla, an tUas. John Holmes. Díríonn an tuarascáil, a tugadh go leor airde idirnáisiúnta uirthi, ar thrí réimse téamúla chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim slándála bia: cur le táirgiúlacht talmhaíochta na bhfeirmeoirí beaga san Aifric, díriú ar thearc-chothú mháithreacha agus naíonáin; agus tosaíocht a thabhairt don ocras ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Rialtas bronntóra agus an Rialtas faighteora a gcuid tiomantas ó thaobh dheireadh a chur leis an ocras. Tugann an tuarascáil creat a bheidh mar threoir dár bhfreagra ar ocras domhanda agus neamhshláine bhia amach anseo. Glacfaidh Éire ról láidir ceannaireachta agus tacaíochta uirthi féin go hidirnáisiúnta d'fhonn dul i ngleic le bunchúiseanna an ocrais.

I bhFeabhra 2008, sheol Cúnamh Éireann a **Bheartas Oideachais,** *Córais Oideachais Inbhuanaithe á dTógáil do Laghdú na Bochtaineachta*. Cuireann an beartas béim ar chion tairbhe tábhachtach an oideachais do chuspóirí foriomlána Chúnamh Éireann agus tógann ar thiomantas fadsheasmhach na hÉireann an t-oideachas a chur chun cinn agus tacú leis i dtíortha atá i mbéal forbartha.

I nDeireadh Fómhair 2008, bhí Éire ina comhóstach rathúil ar an 4ú Fóram de chuid na gComhpháirtithe Domhanda ar Leanaí a ndearna VEID agus SEIF difear dóibh agus thug comhaontú chun críche ar phríomhthosaíochtaí beartais i leith gasúr. Baineadh amach an sprioc €100 milliún a chaitheamh ar VEID agus SEIF agus ar ghalair theagmhálacha eile i gclár Chúnamh Éireann, agus caitheadh 20% d'acmhainní breise ar chláir chun leasa leanaí. Bhí Éire ar an gcéad deontóir déthaobhach a d'fhorbair straitéis trí bliana do mhaoiniú agus do dhul i bpáirt leis an gCiste Domhanda chun dul i nGleic le SEIF, leis an Eitinn agus le Maláire. Tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine a lorg rochtain ar sheirbhísí cosc, cóiriú agus cúram VEID de thoradh infheistíochta Chúnamh Éireann i dtionscnaimh thíre, dhomhanda agus réigiúnacha.

Bhí ról gníomhach ag Éirinn sa 3ú Fóram Ardleibhéil ar Éifeachtacht Chúnaimh in Accra, Gána, i Meán Fómhair 2008, an tAire Stáit um Chúnamh Thar Lear, an tUasal Peter Power T.D. mar ionadaí. Bhí baint ag Éirinn le dréachtadh Chlár Oibre Gníomhaíochta Accra, go háirithe i gcur chun cinn gníomhaíochtaí ar chomhfhreagracht, ar chomhionannas inscne agus úinéireacht tíre.

Choinnigh Cúnamh Éireann an fócas láidir a bhí aige ar phríomhshruthú inscne le linn 2008 agus bhí sé gníomhach á chur chun cinn ina gclártíortha, go háirithe i Mósaimbíc agus in Uganda. I Mósaimbíc, mar uachtarán ar an triúracht deontóra, tá iarracht déanta ag Cúnamh Éireann feasacht chomhionannans inscne a ardú. In Uganda, thugamar tacaíocht don Roinn Airgeadais dhá staidéar inscne a reáchtáil a fhoirmeoidh idirphlé agus déanamh beartais.

Bunaíodh Páipéir Straitéise Tíre nua don Aetóip agus do Leostóta i 2008, agus le linn dóibh seo a bheith á bhforbairt rinneadh píolótú ar threoirlínte nua d'ullmhú Straitéisí Tíre. Tá fócas láidir sna treoirlínte nua seo ar éifeachtacht chúnaimh agus áirítear iontu modúil ar phleanáil straitéiseach agus ar bhainistiú bunaithe ar thorthaí.

Cuireann na Páipéir Straitéise seo creat ar fáil do thacaíocht Chúnamh Éireann agus tugann mionsonrú ar an gcaoi ar chóir an chabhair a dhíriú. I gcás na hAetóipe, tá tacaíocht dhéthaobhach Chúnamh Éireann ann ó 1994. B'fhiú €36m an cúnamh déthaobhach don Aetóip i 2008, tráth ar cuireadh tús le Clár Straitéise Tíre nua a leanfaidh go dtí 2012. Doimhníonn an clár nua fócas na hÉireann ar fhíorocras, bochtaineacht agus leochaileacht agus tacaíonn le pleananna Rialtas na hAetóipe féin do laghdú na bochtaineachta.

Cuireadh breis agus €13.5milliún ar fáil do Leosóta i 2008 faoi chlár nua déthaobhach Chúnamh Éireann, lena n-áirítear €4 milliún ó mhaoiniú Chúnamh Éireann HIV/AIDS do chomhpháirtíocht le Fonndúireacht Clinton agus leis an Roinn Sláinte.

Is í an Mhaláiv an naoú clártír de chuid na hÉireann agus bunaíodh Ambasáid nua de chuid na hÉireann i Lilongwe ag deireadh 2007. Le linn 2008, rinne an Ambasáid bainistiú agus feidhmiú rathúil ar chlár cúnaimh déthaobhach eatramhach a dhírigh ar réimsí rialachais agus slándáil bhia. Déanfar páipéar straitéise tíre cúig bliana a ullmhú anois a dhoimhneoidh an fócas ar shlándáil bhia ag teacht le riachtanais na tíre agus moltaí an Tascfhórsa ar Ocras.

I 2008, lean cur i bhfeidhm na Straitéisí Tíre don Tansáin, Vítneam, Uganda, an tSaimbia agus Mósaimbíc. Tá na straitéisí seo dirithe ar laghdú na bochtaineachta agus tacaíonn siad le pleananna náisiúnta do laghdú na bochtaineachta. Tá fianaise ar thionchar na tacaíochta forbartha seo ar fáil i laghdú na bochtaineachta sa Tansáin, áit ar laghdaigh an bhochtaineacht ó 40.8% i 1991 go 33.3% i 2008.

Cuireadh straitéis tíre eatramhach ar bun do Thíomór Thoir chun tacú le bunriachtanais sa stat leochaileach iarchoinbhleachta seo. Cuireadh tús leis an obair chun straitéis tacaíochta níos fadtréimhsí a fhorbairt a chuirfear ar chomhréim leis an bplean náisiúnta do laghdú na bochtaineachta atá sceidealta do 2010 agus a chuirfidh tacaíocht ar fáil dó.

Sheolamar clár tacaíochta don earnáil phríobháideach i Mósaimbíc i 2008, mar aitheantas ar ról na **hearnála príobháidí** sa bhfás eacnamaíoch agus i laghdú na bochtaineachta, agus d'oibríomar ar chomhthionscnaimh don Tansáin agus do Uganda.

I 2008, d'fhaomhaigh Cúnam Éireann comhaontú cúig bliana do mhaoiniú €15 Milliún thar an tréimhse 2008-2012 do Líonra Cóirthrádála na hÉireann (Irish Fairtrade Network, IFTN) chun tacú le breis agus 435,000 feirmeoir caife bocht san Afraic Thoir rochtain a fháil ar mhargaí na hÉireann, an AE agus margaí domhanda. Tacaíonn an clár seo le córais thrádála atá cóir agus eiticiúil, agus dírionn ar cheithre thír san Afraic Thoir – an Chéinia, Uganda, an Tansáin agus an Aetóip.

Choinnigh Cúnamh Éireann air ag cur lena chaidreamh le Cistí agus Cláir de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe leo siúd atá ainmnithe mar Chomhpháirtithe Tosaíochta: Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), UNICEF, Ardchoimisiún na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe (UNFPA) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO).

Lean Cúnamh Éireann air freisin ag tabhairt tosaíochta do leasú córas forbartha na Náisiún Aontaithe. Idir Eanáir agus Lúnasa 2008, threoraigh Éire agus an Tansáin idirphlé idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe ar mholtaí an Phainéil Ardleibhéil ar Chomhtháthú ar Fud an Chórais (SWC), a fhéachann le cumas na Náisiún Aontaithe

cúnamh forbartha a sheachadadh ag leibhéal tíre ar bhealach éifeachtach, a fheabhsú. Bhí baint ghníomhach ag Cúnamh Éireann leis na cláir leasaithe ar bhonn tíre de chuid na Náisiún Aontaithe i Vítneam, sa Tansáin agus sa Mhaláiv.

Seoladh Beartas Sochaí Shibhialta Chúnamh Éireann i 2008 agus cuireann sé ceangal ar Chúnamh Éireann: i) timpeallacht chumasúcháin a chruthú do NGOnna chun dul i mbun eagraithe agus dul i dteagmháil lena dtoghlaigh níos leithne féin; agus ii) tacú le ról NGOnna i gcur chun cinn rannpháirtíochta agus dea-rialachais, seachadadh seirbhíse agus fás ar mhaithe le bochtáin, agus toghlach a thógáil don fhorbairt, do chearta daonna agus do cheartas sóisialta.

Ag teacht leis an tiomantas sa Pháipéar Bán chun na meicníochtaí maoinithe do NGOnna a fhorbairt tuilleadh, tá Cúnamh Éireann tar éis líon na n-eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú blocdheontais ilbhliantúil a mhéadú ó 6 i 2007 go 24 ag deireadh 2008. Tháinig an cinneadh maoiniú a fhaomhadh tar éis measúnaithe chuimsithigh ar gach ceann de na heagraíochtaí chun scála cumais na ngníomhaireachtaí feidhmiú laistigh den blocdheontas ilbhliantúil a mheas. D'fhág an próiseas go bhfuil caidreamh níos eolasaí agus níos straitéisí ann leis na NGOnna a bhí i gceist.

Seirbhísí Consalachta agus Pasanna

Sprioc Ardleibhéil, 2008-2010:

Seirbhís chonsalachta agus pasanna ar ardchaighdeán a sholáthar do gach saoránach Éireannach agus dul i ngleic go gníomhach lenár nDiaspora.

Athbhreithniú ar 2008

I 2008, rinne cónaitheoirí Éireannacha 8 milliún turas thar lear. Cé nach mbíonn deacrachtaí tromchúiseacha ag formhór líon méadaitheach na saoránach Éireannach a thaistealaíonn thar lear, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar chúnamh consalachta agus ar chastacht na gcásanna a ndéileáiltear leo. Ar na cásanna seo áirítear básanna, gabhálacha, aisdúichiú, ospidéalú agus an fhreagairt mhear ar ghéarchéimeanna idirnáisiúnta a raibh saoránaigh Éireannacha gafa leo. Déanann Rannóg Chonsalachta na Roinne i mBaile Átha Cliath comhordú ar ghníomhaíochta na Misin Éireannach thar lear thar ceann saoránach Éireannach agus déanann teagmháil le daoine muinteartha in Éirinn.

Sheol an tAire a bhí ann ag an am Cairt Seirbhísí Consalachta na Roinne agus áis Chlárú Taistil ar líne in Eanáir 2008. Tá an Chairt scaipthe go forleathan ar Ghníomhaireachtaí Taistil, leabharlanna, Stáisiúin na nGardaí, agus ionaid eolais do shaoránaigh, Tá an Clárú Taistil ar líne ar fáil do shaoránaigh ar mian leo a sonraí teagmhála a chlárú leis an Roinn roimh dul ag taisteal dóibh, le gur féidir dul i dteagmháil leo i gcás éigeandála nó géarchéim theaghlaigh.

Suiteáladh an bunachar sonraí ríomhairithe nua Cabhair chun bainistiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar ár bhfreagairt do chásanna consalachta agus cásanna géarchéime, agus leanfaidh an rolladh amach go dtí gach Misean i 2009. Ina theannta seo leanaimid le bearta chun moltaí na Tuarascála ar Phríosúnaigh Éireannacha Thar Lear leis an Uasal Chris Flood a chur i bhfeidhm.

Rolladh an Córas nua Uathoibrithe Rianaithe agus Iarratas ar Víosa (AVATS) amach go rathúil go dtí 54 Misean thar lear, é ar a gcumas anois ag iarratasóirí ar víosa i 175 tír a bhfoirmeacha iarratais ar víosa a chomhlánadh ar líne.

D'eisigh Oifigí na bPasanna breis agus 570,000 pas i 2008, rud a léiríonn laghdú beag (4%) ar an éileamh ó 2007. Tugadh rith Acht na bPasanna tríd an Oireachtas chun críche agus tháinig sé in éifeacht i Samhain 2008. Cuireann an tAcht bunús cuimsitheach reachtúil ar fáil d'eisiúint agus do rialú pasanna. Foilsíodh athbhreithniú luach ar airgead ar sheirbhís na bpasanna i 2008. Déanann an t-athbhreithniú roinnt moltaí dírithe ar chur le héifeacht agus le héifeachtúlacht na seirbhíse. Tá obair déanta cheana ar chuid de na moltaí seo agus leanfaidh sí i 2009.

I 2008, dáileadh deontais Chláir Thacaíochta d'Eisimircigh de €15.183 milliún in iomlán chun tacú le pobail Éireannacha thar lear agus chun nascanna idir na pobail seo agus an baile a neartú. Ina theannta, rinneadh tuilleadh dul chun cinn in iarrachtaí leanúnacha an Rialtais chun leasú a dhéanamh ar na socraithe víosa agus eisimirce reatha leis na Stáit Aontaithe, go háirithe leis an gComhaontú Saoire Oibre comharaíochta, a shínigh an tAire Gnóthaí Eachtracha i Meán Fómhair. Tugadh aird tosaíochta i gcónaí don tábhacht a bhain le réiteach ar chás na nÉireannach gan cáipéisí inimirce i dteagmháil Rialtais le Riarachán agus Comhdáil na Stát Aontaithe.

2008: Forbairtí agus Gnóthachtálacha

Cosaint agus Tacaíocht do shaoránaigh Éireannacha

Le linn 2008, chuir an Roinn tacaíocht ar fáil i raon leathan réimsí, lena n-áiritear comhairle chuimsitheach ar thaisteal go dtí tíortha nó réigiúin áirithe, agus cúnamh i gcásanna deacrachtaí nó gátair lena n-áirítear géarchéimeanna. I rith na bliana, dhéileáil an Roinn le básanna breis agus 200 Éireannach thar lear agus chuir cúnamh éifeachtach ar fáil d'ár saoránaigh i gcúinsí tragóideacha agus deacra eile lena n-áirítear aisdúichiú, ospidéalú, íospartaigh choireachta agus coinneáil thar lear.

Cuireadh áiseanna consalachta ar fáil freisin do shaoránaigh Éireannacha a d'fhreastail ar mhórimeachtaí spóirt ar nós na gCluichí Oilimpeacha i mBeijing.

Cuireann láithreán gréasáin na Roinne comhairle thaistil chuimsitheach agus cothrom le dáta ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil sé i gceist acu taisteal thar lear. Léiríonn an chomhairle seo measúnú mheasta ar an mbaol atá ann do shaoránaigh Éireannacha agus iad ag taisteal go dtí tíortha áirithe. Tá sé bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil don Roinn agus baineann leas as tuairiscí ó Mhisin Chonsalachta agus Taidhleoireachta de chuid na hÉireann thar lear agus as comhairle a eisíonn tíortha eile lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

Chuathas i dteagmháil in athuair le Ranna Rialtais eile agus le baill éagsúla i dtionscal na turasóireachta chun comhordú, comhoibriú agus dea-chleachtas a fheabhsú chun freagairt do shaincheisteanna éigeandála a théann i gcionn ar shaoránaigh Éireannacha thar lear.

IONAD GÉARCHÉIME

Tá Ionad Géarchéime Tiomanta na Roinne, atá ar chaighdeán idirnáisiunta agus lán-inniúil chun freagairt éigeandála nua-aimseartha a sholáthar do ghéarchéim chonsalachta thar lear, ar fuireachas i gcónaí chun déileáil le héigeandálaí, géarchéimeanna agus tubaistí ar mhórscála, bídís nádúrtha nó de dhéantús an duine, a mbeadh baint ag saoránaigh Éireannacha thar lear leo. Tá an tIonad, a mbeadh oibrithe deonacha oilte ón Roinn ag obair ann i gcás géarchéime, ábalta nascadh le hIonaid Ghéarchéime i bpríomhchathracha eile an AE chun eolas agus measúnuithe riosca a roinnt. I 2008 rinneadh uasghrádú ar an mBunachar Sonraí Géarchéime a d'úsáidfí san Ionad Géarchéime chun cásanna daoine aonair agus cásanna imní a d'ardódh daoine den phobal ar an mBeolíne Géarchéime, a rianú. I 2008, cuireadh an tIonad Géarchéime i ngníomh mar fhreagra ar an gcorraíl shibhialta i mBangkok, a chuaigh i gcion ar líon mór de lucht saoire Éireannach tar éis dúnadh na n-aerfort, agus mar fheagra ar an mbuamáil sceimhlitheoireachta i Mumbai.

Meithleacha Cúnaimh Chonsalachta Éigeandála

Bíonn na meithleacha tiomanta seo, a chuimsíonn oifigigh ón Roinn a oileadh go sonrach, réidh i gcónaí le go mbainfí feidhm astu, le tacaíocht ó ghairmithe oilte más gá, go díreach tar éis géarchéime consalachta a chuaigh i gcion ar shaoránaigh Éireannacha áit ar bith ar fud an domhain.

An tSeirbhís Pasanna

D'eisigh Oifigí na bPasanna breis agus 570,000 pas i 2008, rud a léiríonn laghdú beag (4%) ar an éileamh ó 2007. Tháinig feabhas mór ar éifeachtacht na seirbhíse

pasanna agus iontaoibh níos lú ar fhoireann shealadach agus laghdú substaintiúil ar ragobair.
Tugadh rith Acht na bPasanna tríd an Oireachtas chun críche agus tháinig sé in éifeacht ar an 1 Samhain 2008. Leagann an tAcht bunús cuimsitheach reachtúil amach den chéad uair do rialú agus d'eisiúint pasanna.

Soláthraíonn an tAcht ceart reachtúil do shaoránach Éireannach iarratas a dhéanamh ar phas, rialaíonn an próiseas iarratais agus tugann breac-chuntas ar na cúinsí teoranta inar féidir pas a dhiúltú nó a chealú. Tugann sé breac-chuntas ar an nós imeachta maidir le cúinsí ar nós pasanna goidte nó caillte, áiseanna taistil éigeandála, ainmneacha inar féidir pasanna a eisiúint agus eisiúint phasanna do leanaí.

Neartaíonn an tAcht iarrachtaí chun dul i ngleic le calaois trí raon coireanna a bhaineann go sonrach le pasanna a thabhairt isteach faoi Alt 20. Áirítear orthu seo iarratais chalaoiseacha, díol pas nó iarracht pas a dhíol agus pas bréige a dhéanamh. Baineann pionóis uasta 10 bliana príosúin agus/nó fíneáil neamhtheoranta leis na coireanna níos tromchúisí.

Foilsíodh Athbhreithniú Luach ar Airgead ar an tseirbhís pasanna a rinne comhairleoirí neamhspleácha KPMG i 2008. Chinn an t-athbhreithniú go bhfuil seirbhís ardleibhéil do chustaiméirí curtha ar fáil ag an Roinn agus go n-éiríonn go han-mhaith léi le hais tíortha eile a scrúdaíodh chun críocha comparáideachta. Thug sé ar áird freisin go bhfuil Oifig na bPasanna tar éis freagairt do dhúshláin idirnáisiúnta agus, le blianta beaga anuas, go bhfuil dul chun cinn mór déanta sa tseirbhís mar rolladh amach an chórais táirgthe uathoibrithe agus táirgeadh ríomh-phasanna. Déanann sé roinnt moltaí freisin atá ceaptha cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na seirbhíse. Tá obair déanta cheana féin ar chuid de na moltaí seo agus leanfaidh an obair i 2009.

Éireannaigh Thar Lear

I 2008, dáileadh deontais Chláir Thacaíochta d'Eisimircigh de €15.183 milliún in iomlán ar 190 eagraíocht agus tionscadal chun tacú le pobail Éireannacha thar lear, agus breis agus 90% den dáileadh foriomlán sin dírithe ar an mBreatain (€10.22 milliún) agus ar na Stáit Aontaithe (€3.52 milliún), áit a bhfuil formhór mór na nÉireannach atá ina gcónaí thar lear lonnaithe.

Mar ar tharla blianta eile, bhí fócas an mhaoinithe seo ar thacú le seirbhísí leasa túslíne, lena n-áiritear seirbhísí for-rochtana, comhairleoireachta agus comhairleacha, dírithe ar na daoine is leochailí inár bpobail thar lear, go háirithe daoine scothaosta. Mar chuid de chur chuige an Rialtais maidir le caidreamh na hÉireann leis an Diaspora a neartú, tugadh tacaíocht freisin do raon tionscadal oidhreachta agus pobail, lena n-áirítear forbairtí pobail ar scála mór sna Stáit Aontaithe, sa Bhreatain agus i gCeanada.

Chuir an tAonad um Éireannaigh Thar Lear príomh-mholtaí Athbhreithniú Luach ar Airgead Goodbody ar an gClár Tacaíochta d'Eisimircigh, i bhfeidhm, go príomha forbairt phróisis iarratais ar líne ar dheontais. Chuir an tionscnamh seo le cumas an Aonaid maoiniú agus monatóireacht chláir a fhócasú, rud a chinntíonn go dtéann an maoiniú a dháiltear chuig na hÉireannaigh is leochailí thar lear.

Shínigh an tAire Gnóthaí Eachtracha Comhaontú Saoire Oibre leis na Stáit Aontaithe i Washington i Meán Fómhair 2008. D'fháiltigh pobal na hÉireann sna Stáit Aontaithe roimh an Comhaontú agus neartóidh sé tuilleadh na naisc idir an pobal sin agus Éire,

agus cuideoidh sé freisin chun fás buantheagmhálacha nua a chothú idir Éire agus na Stáit Aontaithe. Sonraíonn síniú an chomhaontaithe an chéad dul chun cinn i gcur chuige tríthaobhach an Rialtais i leith leasú a dhéanamh ar ár socruithe inimirce foriomlána leis na Stáit Aontaithe, a bhfuil idirbheartaíocht faoi víosaí oibre fadtéarmacha déthaobhacha san áireamh freisin ann mar aon le réiteach ar ár saoránaigh gan cáipéisí inimirce.

Seirbhísí Tacaíochta

Cumas Inmheánach a Thógáil:

Ní mór don Roinn Gnóthaí Eachtracha a chinntiú go gcothaíonn sí agus go leanann sí uirthi ag forbairt an chumais inmheánaigh a theastaíonn chun cuspóirí bheartas eachtrach an Rialtais a sheachadadh.

Athbhreithniú ar 2008

Éascaíodh obair oifigigh na Roinne sa mbaile agus thar lear i leith baint amach ár spriocanna ardleibhéil agus tugadh tuilleadh tacaíochta di ó sheirbhísí tacaíochta agus corparáideacha na Roinne. Cuireann siad seo ardán riachtanach ar fáil ónar féidir foirmliú beartais agus feidhmeanna seachadta seirbhíse na Roinne a chur i gcrích go héifeachtach.

Seirbhísí Prótacail

Le linn 2008, d'eagraigh Rannán Phrótacal na Roinne Cuairteanna Oifigiúla agus Stáit thar lear don Uachtarán agus don Taoiseach, agus Cuairteanna Stáit agus Oifigiúla go hÉirinn do Cheannairí Stáit, Príomhairí, Airí Gnóthaí Eachtracha agus aíonna oirirce eile de chuid an Rialtais. Ina theannta seo chuir sé comhairle ar chomhlachtaí Rialtais eile agus chuidigh leo maidir lena n-aíonna oifigiúla.

CUAIRTEANNA LE LINN 2008

Cuairteanna a thug an tUachtarán ar:

An Ghearmáin	An Bhreatain (Learpholl)
An Fhrainc (Lourdes)	An Bhreatain (Londain)
An Rúmáin	An Iorua

Stáit Aontaithe Mheiriceá (California, Oregon agus Arizona)

In Eanáir 2008 rinne an Rannán comhordú ar shocruithe do chuairt an Taoisigh ar an Afraic Theas agus ar an Tansáin.

Ar na Cuairteannna Ardleibhéil Isteach go hÉirinn a d'eagraigh an Roinn áirítear:

Uachtarán na hEastóine	Uachtaran Údarás na Pailistíne
Uachtarán Phoblacht na Seice	Uachtarán Pharlaimint na hEorpa
Uachtarán Laitvia	Príomh-Aire Vítneam
Uachtarán na Fraince	Uachtarán Ionaid na hAfraice Theas
Príomh-Aire na Cróite	Rúnaí Eachtrach na Breataine
Aire Gnóthaí Eachtrach na Fionlainne	Aire Gnóthaí Eachtrach na Rúise

Seansailéir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh
Leas-Phríomhaire Phoblacht na Seice

Chuidigh an Rannán freisin le heagrú an Chruinniú Mullaigh de Chomhairle na Breataine-na hÉireann i bhFeabhra agus an Chomhdháil ar Chnuas-Mhuinisin i mBealtaine 2008

Lean an Rannán Prótacail air ag bainistiú pribhléidí agus díolúintí 59 misean cónaithe agus 68 misean neamhchónaithe atá creidiúnaithe d'Éirinn. Shocraigh sé tíolacadh creidiúnas don Uachtarán ag 33 Ambasadóir i 2008, chomh maith le líon imeachtaí mórscála a raibh an Cór Taidhleoireachta páirteach iontu. Chuidigh an Rannán Prótacail i gcreidiúnú tráthúil Ambasadóirí Éireannacha agus ionadaithe an Stáit do 19 tír thar lear.

D'éascaigh an Rannán freisin cead do thraseitiltí agus do thuirlingtí eitleáin Rialtais Éireannacha (3,166) agus iasachta (584) agus do chuairteanna thar lear d'árthaigh chabhlaigh (9) agus d'árthaigh chabhlaigh iasachta (64) a thug cuairt ar chalafoirt Éireannacha i 2008.

An Phreasoifig

Cuireann an Phreasoifig seirbhís éifeachtach meán ar fáil don Aire, d'Airí Stáit agus don Roinn, lena n-áirítear Rannáin, sa Cheannáras agus i Misin thar lear.

Le linn 2008, dhéileáil sí go héifeachtach agus go héifeachtúil le líon méadaithe ceisteanna a chlúdaigh raon iomlán na saincheisteanna a mbíonn an Roinn ag plé leo, ó nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, ó na meáin chraolacháin agus ar líne agus ó ionadaithe ó nuachtáisíneachtaí bunaithe in Éirinn agus thar lear.

D'oibrigh Preasoifig na Roinne go dlúth freisin le Ranna eile Rialtais, le Misin thar lear agus le Gníomhaireachtaí Stáit chun turais go hÉirinn do bhaill de na meáin eachtracha a eagrú, agus láimhseáil sí cúpla cuairteanna ardleibhéil isteach i 2008, lena n-áirítear dhá Chuairt Stáit.

Chuir an Phreasoifig tacaíocht chumarsáide agus tacaíocht do na meáin ar fáil do Chomhdháil Thaidhleoireachta Bhaile Átha Cliath ar Chnuas-Mhuinisin a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh i mí Bealtaine.

Rinne an Phreasoifig monatóireacht ar na meáin idirnáisiúnta agus intíre agus d'fhoilsigh gach óráid/ráiteas preasa de chuid an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Aire Stáit na Roinne ar láithreán gréasáin na Roinne agus ar an Inlíon, iad á ndáileadh freisin ar na meáin.

Seirbhísí Dlí

Chuidigh an Rannán Dlí leis an Roinn agus chuir comhairle uirthi faoi shaincheisteanna éagsúla a bhaineann le gach ceann de Spriocanna Ardleibhéil na Roinne:

Tuaisceart Éireann	Chuir comhairle faoi fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Comhaontú Naomh Aindriú, lena n-áirítear maidir le Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas, nósanna imeachta na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, déabhlóid na póilíneachta agus an cheartais, an Grúpa Comhairleach ar an Am atá Caite agus an tAthbhreithniú Straitéiseach ar pharáideanna i dTuaisceart Éireann.
Beartas Eachtrach	Chinntigh cur chuige comhtháite dlí agus beartais do chaidreamh eachtrach ag teacht leis an mBunreacht agus le Cairt na Náisiun Aontaithe. Chuir comhairle faoi fhorfheidhmiú smachtbhannaí na NA agus an AE agus coincheap na 'Freagrachta Cosanta'. Chuir leis an idirbheartaíocht agus leis an nglacadh le ionstraim idirnáisiúnta nua ag Comhdháil Thaidhleoireachta Bhaile Átha Cliath sa Bhealtaine agus d'ullmhaigh an reachtaíocht riachtanach lena cur chun feidhme. Chuir éilimh ar scairbh ilchríochach bhreisithe an Stáit chun cinn. Chinntigh socruithe eiseachadta cuí. Chumasaigh déanamh an Ordaithe ar an Acht um Eiseachadadh 1965 (Feidhm Chuid II) (Leasú) 2009 chun éifeacht a thabhairt don socrú eiseachadta le Hong Kong agus le socruithe eiseachadta iltaobhacha a thabhairt cothrom le dáta. Ghlac páirt i ndíospóireachtaí de chuid Chomhairle na hEorpa ar leasú na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus d'fheidhmigh mar ghníomhaire i gcásanna os comhair na Cúirte. Chuir gach comhaontú idirnáisiúnta ar tháinig Éire chun a bheith mar pháirtí ann i 2007 os comhair na Dála agus d'fhoilsigh iad sa tSraith Conarthaí Éireannacha.
An tAontas Eorpach	Thug comhairle faoi chúinsí dlí an AE, agus béim ar leith ar an bpróiseas leanúnach maidir leis an daingniú molta ar Chonradh Liosbóin agus ar chúinsí a bhaineann le caidrimh sheachtrach an AE.
Trádáil agus cultúr	Thug comhairle faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ar chúinsí cultúrtha agus eacnamaíocha déthaobhacha.
Cúnamh Éireann	Chuir comhairle ar Chúnamh Éireann faoina chuid oibre,lena n-áirítear forbairt Eolaí ar Chomhaontuithe agus Conarthaí a bhaineann le haistriú agus le húsáid maoiniú de chuid Chúnamh Éireann chuig eagraíochtaí comhpháirtithe.
Consalacht, Pasanna	Thug comhairle faoi Acht na bPasanna 2008 agus a thosach feidhme, lena n-áirítear forbairt nós imeachta achomhairc do phasanna. Thug comhairle faoi chosaint chearta saoránach Éireannach thar lear.

An tAonadh Iniúchta

Déanann an tAonad Iniúchta athbhreithniú ar obair na Misean thar lear chun tacú leo a gcion a dhéanamh, a éifeachtaí agus is féidir, maidir le Spriocanna Ardleibhéil na Roinne agus an úsáid is fearr a bhaint as a n-acmhainní. Rinneadh iniúchadh ar Dhá Mhisean Déag i 2008 mar atá leagtha amach thíos.

Misin a ndearnadh Iniúchadh orthu i 2008

Beirlín (Ambasáid)
Berne (Ambasáid)
Cairo (Ambasáid)
Dar es Salaam (Ambasáid)
An Ghinéiv (Misean Buan chun na NA)
An Suí Naofa (Ambasáid)
Lispóin (Ambasáid)
Lusaka (Ambasáid)
Madrid (Ambasáid)
Ottawa (Ambasáid)
Riyadh (Ambasáid)
An Róimh (Ambasáid)

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannán Seirbhísí Corparáideacha freagrach as bainistiú foriomlan achmhainní daonna agus airgeadais agus infreastruchtúr na Roinne, as feidhmiú comhtháite a chinntiú ar fud a Rannán éagsúla ag an gCeannáras agus ar fud na 75 Misean thar lear.

Mar a cheanglaítear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, d'ullmhaigh an Roinn Ráiteas Straitéise (2008-2010) nua agus chuir faoi bhráid Roinn an Taoisigh é in Iúil 2008.

Aithníonn an Roinn gurb í cáilíocht na foirne an sócmhainn is mó atá aici. Agus breis agus 1,500 d'fhoireann sa Cheannáras agus ar fud an domhain, déantar athbhreithniú i gcónaí ar bheartais agus ar chleachtais na Roinne chun feidhmiú agus lánsástacht ghairme na foirne a optamú.

Le linn 2008 choinnigh an Roinn uirthi ag obair i gcomhpháirt leis an bhfoireann agus le ionadaithe ceardchumainn, go déthaobhach agus laisitigh de chomhthéacs na Comhairle Rannaí, i leith ghnóthú a gcomhchuspóirí. Chomhlíon an Roinn a cuid oibleagáidí faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta leanúnacha, agus tiomantais ag éirí as tionscnaimh éagsúla faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí agus leis na caighdeáin dea-chleachtais fostaíochta a bhíonn in úsáid ar fud na Státseirbhíse.

Chomhlíon agus sháraigh a Roinn an sprioc 3% daoine faoi mhíchumas a fhostú mar a leagtar síos i gcuid a 5 den Acht um Míchumas 2005. Ag deireadh 2008, ba dhaoine faoi mhíchumas iad 3.5% d'fhoireann na Roinne.

Choinnigh an Roinn uirthi i mbun cur chuige réamhghníomhach chun comhionannas deiseanna agus cóireála a chinntiú, ina cur chuige i leith seirbhíse do chustaiméirí agus trí thionscnaimh oiliúna agus acmhainní daonna eile. I 2008, mar ar tharla i mblianta roimhe sin, d'fheidhmigh an Roinn roinnt polasaithe a thacaíonn le teaghlaigh mar shampla scoilbhliain, postroinnt, uaireanta solúbtha oibre agus ríomhoibriú. Cuimsíonn polasaí arduithe poist na Roinne spriocanna comhionannas inscne; ba í an chothromaíocht inscne ar an bhfoireann ag deireadh 2008 ná 56% fostaithe mná i gcomórtas le 44% d'fhostaithe fir.

Faoi chlár dílárnaithe an Rialtais aistríodh an Rannán Comhoibriú Forbartha den Roinn Gnóthaí Eachtracha, ar Cheannáras Chúnamh Éireann é, go Luimneach.

Osclaíodh buanoifigí nua Chúnamh Éireann i Luimneach i lár mí na Samhna, agus faoi dheireadh Nollaig 2008, bhí 124 as iomlán 138 ball foirne a bhí ceapaithe bogadh, athlonnaithe.

Tá an Roinn tiomanta i gcónaí seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil dár gcustaiméirí uile, sa bhaile agus thar lear, ag teacht le prionsabail Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a d'fhaomhaigh an Rialtas. Áirítear ar shamplaí praiticiúla ár dtiomantas seirbhíse do chustaiméirí, ár ráthaíocht go bhfaighidh duine a úsáideann an Mhearsheirbhís Pasanna a phas no a pas laistigh de dheich lá oibre, seirbhís ar an lá céanna do fhíordheimhniú cáipéisí oifigiúla, agus soláthar seirbhíse iar-ama sa bhaile agus thar lear dóibh siúd a dteastaionn pasanna uathu ar bhonn éigeandála, tráthnóntaí agus deireadh seachtainí.

Treisíonn ár bPlean Gnímh Seirbhís do Chustaiméirí ár dtiomantas praiticiúil do chomhlíonadh oibleagáidí Chairt Chustaiméirí na Roinne, agus tá an dá cheann acu seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Aithníonn an Roinn an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as a cuid acmhainní airgeadais. Ta mionsonraí caiteachas na Roinne i 2008 faoin dá Vóta atá aici agus an t-ús pionósach ar íocaíochtaí deireanacha ar fáil in Aguisín 1, 2 agus 3. Tuigeann an Roinn go maith an gá atá le luach maith a fháil ar airgead don chaiteachas a thabhaíonn sí. Tugann Aguisín 4 breac-chuntas ar na hathbhreithnithe éagsúla atá á ndéanamh ag an Roinn faoi Thionscnamh Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais an Rialtais. Déanann Aguisín 5 cur síos ar Chlár Reachtaíochta agus Anailís ar Thionchar Rialála 2008.

Chuir **Aonad Iniúchta agus Measúnaithe** an Rialtais lena ról tuilleadh i 2008, measúnuithe á ndéanamh ar Chlár Tíre Thíomóir Thoir agus ar an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Mhicreabaicití (comh-mheasúnú á threorú ag Éirinn). Rinneadh clár iniúchta córasach ar chaiteachas Chúnamh Éireann i dtíortha comhpháirtithe agus leathnaíodh é le comhpháirtithe NGO a maoiníodh faoin Scéim Chláir ilbhliantúil (MAPS) a chur san áireamh freisin.

Ar na gnóthachtálacha agus forbairtí suntasacha eile le linn 2008 áirítear:

- Ceannach Áras Cónaithe amháin thar lear i Pretoria agus tabhairt chun críche tionscadail athchóirithe i Canberra, Dún Éidean, Helsinki, Londain agus Nua Eabhrac i 2008. Tar éis suíomh a cheannach in Addis Ababa, tá tús curtha anois agann leis an bpróiseas chun tairscintí a lorg do thógáil foirgneamh Ambasáide nua; agus

- Cur i bhfeidhm leanúnach Straitéis ICT 2007 – 2010 agus béim ar leith ar na réimsí seo a leanas

    - seoladh inlín Rannaigh nua
    - forbairt Phlean Bhainisitiú Eolais i gcomhairle le comhleacaithe ar fud na Roinne
    - seoladh Cabhair, an Córas Bhainistiú Consalachta
    - rolladh amach láithreáin gréasáin Misean bunaithe ar theimpléad caighdeánach
    - rolladh amach áiseanna físchomhdhálacha ar fud na Roinne sa Cheannáras agus sna Misin thar lear

- Tá laghduithe suntasacha i gcaiteachas riaracháin bainte amach thar roinnt mhaith réimsí difriúla den Roinn ach cosaint tugtha do sheirbhísí túslíne don phobal. Leanfar leis na hiarrachtaí i 2009, de bharr na mbrúnna leantacha ar an airgeadas poiblí.

Aguisíní

Aguisín 1
Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2008

Aguisín 2
Vóta 29 (Comhoibriú Idirnáisiúnta) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2008

Aguisín 3
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Aguisín 4
Tuarascáil Stádais ar Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead

Aguisín 5
Tuarascáil ar Anailís ar Thionchar Rialála agus Clár Reachtaíochta 2008

Aguisín 1

Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2008

	Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Táirgeacht Shealadach €000
	RIARACHÁN		
A.1.	TUARASTAIL AGUS LIÚNTAIS	104,237	98,599
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	8,517	7,324
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	5,943	6,507
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	8,432	10,238
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	29,573	25,739
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	35,863	34,555
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN	470	244
A.8	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	100	36
	SEIRBHÍSÍ EILE		
B.1.	AISDÚICHIÚ AGUS COTHABHÁIL ÉIREANNACH I nGUAIS THAR LEAR	79	36
C.1.	TACAÍOCHT DO GHRÚPAÍ INIMIRCEACH ÉIREANNACH	15,183	15,183
D.1.	SEIRBHÍSÍ EOLAIS	578	648
E.1.	RANNÍOCAÍOCHTAÍ DO CHOMHLACHTAÍ IN ÉIRINN DO CHUR CHUN CINN CAIDRIMH IDIRNÁISIÚNTA (DEONTAIS-I-gCABHAIR)	320	307
F.1	COMHOIBRIÚ THUAIDH-THEAS AGUS ANGLA-ÉIREANNACH	7,000	9,084
F.2.	AN CISTE IDIRNÁISIÚNTA D'ÉIRINN	195	195
G.1	CAIDREAMH CULTÚRTHA LE TÍORTHA EILE	891	854
H.1	BORD COMHAIRLEACH EACNAMAÍOCH GAEL-MHEIRICEÁNACH	28	13
I.1	RANNÍOCAÍOCHTAÍ D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	44,480	38,103
J.1	TEIDEAL V DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH	582	582
K.1	CÚNAMH DO THÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ DON AE	1,715	1,193
L.1	TIONSCADAL CHONAIR AN ATLANTAIGH	250	250
M.1	STRAITÉIS NA hÁISE	200	182
N.1.	TACAÍOCHT DO CHISTÍ D'ÉIRINN	2,000	0
O.1	REIFREANN AR CHONRADH LEASAITHE AN AE	5,800	5,738
	Iomlán Comhlán	**272,436**	**255,609**
Bain as:-			
P.1	LEITHREASAÍ-I-gCABHAIR	-39,000	-38,166
	Iomlán Glan	**233,436**	**217,443**

Aguisín 2

Vóta 29 (Comhoibriú Idirnáisiúnta) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2008

	Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Táirgeacht Shealadach €000
	RIARACHÁN		
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚINTAIS	18,890	18,838
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	3,050	2,966
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	2,292	2,347
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	3,205	2,129
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	1,363	1,418
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	3,580	3,356
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN	3,120	3,839
A.8.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	200	190
	SEIRBHÍSÍ EILE		
B.	ÍOCAÍOCHT DON CHISTE DEONTAS I GCABHAIR DO CHÚNAMH DÉTHAOBHACH AGUS COMHOIBRIÚ EILE (DEONNTAS I GCABHAIR)	559,100	529,150
C.	CÚNAMH ÉIGEANDÁLA DAONNÚIL	90,000	87,000
D.	ÍOCAÍOCHTAÍ DO CHISTÍ IDIRNÁISIÚNTA CHUN LEASA TÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA	36,000	30,993
E.	RANNÍOCAÍOCHTAÍ DO NA NÁISIÚIN AONTAITHE AGUS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ FORBARTHA EILE	93,400	86,349
	Iomlán Comhlán	814,200	768,574
Bain as:-			
F.	LEITHREASAÍ-I-GCABHAIR	150	997
	Iomlán Glan	**814,050**	**767,578**

Aguisín 3

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá íocaíocht sonrasc ag an Roinn faoi réir ag forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Déanann an Roinn iarracht gach sonrasc a íoc a luaithe agus is féidir tar éis seachadadh sásúil na n-earraí agus na seirbhísí.

Ba é méid iomlán an úis phionósaigh ar íocaíochtaí deireanacha ar Vóta na Roinne i 2008 (Vóta 28) ná €392 i leith 14 cás. Ina theannta seo íocadh iomlán €2,022 in ús pionósach ar íocaíochtaí deireanacha faoi Vóta 29 (Comhoibriú Idirnáisiúnta) i leith 4 cás.

Aguisín 4

Tuarascáil Stádais ar Athbhreithnithe Luach ar Airgead

Vóta 28 – Gnóthaí Eachtracha

Athbhreithniú Luach ar Airgead	Cuspóir an Athbhreithnithe	Spriocdháta	Stádas Reatha
Tacaíocht do Ghrúpaí Eisimirce Éireannacha	An luach ar airgead a baineadh amach le tacaíocht na Roinne do Ghrúpaí Eisimirce Éireannacha Thar Lear a mheas	12/2006	An Tuarascáil críochnaithe agus foilsithe
Tionscadal Pas Uathoibríoch	Éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhíse pas a mheas agus moltaí cuí a sholáthar don Roinn a thacóidh le soláthar seirbhís pas ardchaighdeáin costéifeachtach sna blianta atá romhainn.	12/2007	An Tuarascáil críochnaithe agus foilsithe

Vóta 29 – Comhoibriú Idirnáisiúnta

Athbhreithniú Luach ar Airgead	Cuspóir an Athbhreithnithe	Spriocdháta	Stádas Reatha
Comhar Forbartha Cúnamh Éigeandála Daonúil na hÉireann do thubaiste ar leith (Súnámaí)	Anailís a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach le tacaíocht Chúnamh Éireann do na tíortha a ndeachaigh an Súnámaí i gcion orthu. Ábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, inbhuanaitheacht, aird ar shaincheisteanna leathana agus bainistiú clár freagartha Chúnamh Éireann don Súnámaí, a mheas.	12/2006	An Tuarascáil críochnaithe agus foilsithe
Cúnamh Forbartha do Mhósaimbíc	Cur i bhfeidhm Chlár Tíre Mhósaimbíc, atá maoinithe ag Cúnamh Éireann, a mheas	12/2007	An Tuarascáil críochnaithe agus foilsithe
Líne Bhuiséid VEID/SEIF	Cúnamh Eireann agus Oireachtas na hÉireann a chur ar an eolas faoi: cáilíocht fhoriomlán freagairt Chúnamh Éireann do VEID/SEIF; bainistiú caiteachas Chúnamh Éireann 2000-06 ar VEID/SEIF (ag teacht le Treoirlínte Thionscnamh Luach ar Airgead) maidir lena straitéis fhoriomlán; a éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, tionchar agus inbhuanaitheacht agus staidéar ar chás tíre amháin á thógáil mar shampla agus (ii) cinnteoireacht sa todhchaí a chur ar an eolas agus cuidiú le tosaíocht straitéiseach ar chaiteachas VEID/SEIF	12/2 008	An Tuarascáil le foilsiú faoi lár 2009

Aguisín 5

Tuarascáil ar Mheasúnú ar Thionchar Rialála

Clár Reachtaíochta 2008

Acht na Pasanna – Uimh. 4 de 2008

Tugadh rith Acht na bPasanna nua trí Thithe an Oireachtas chun críche agus achtaíodh é i Márta 2008. Cuireann an tAcht, a tháinig in éifeacht ar an 1 Samhain 2008, bunús cuimsitheach reachtúil ar fáil do rialú agus d'eisiúint pasanna Éireannacha ag an Aire Gnóthai Eachtracha. Tiocfaidh dha fho-alt den Acht (altanna 14(8) agus 14(9)) in éifeacht i 2009. Ullmhaíodh RIA scagtha agus cuireadh in éineacht le aighneacht Chinn an Bhille é don Rialtas a d'fhaomhaigh an Chomh-Aireacht ar 12 Aibrean 2006.

An tAcht um Cnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008 – Uimh. 20 de 2008

Is é príomhaidhm an Achta um Cnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008 cion coiriúil a dhéanamh de chnuas-mhuinisin, buamaí beaga pléascacha nó mianaigh fhrithphearsanra a úsáid, a fhorbairt, a tháirgeadh, a fháil, a shealbhú, a stoc-charnadh nó a aistriú, nó chun cuidiú le aonduine, nó iad a spreagadh nó tabhairt orthu a leithéid a dhéanamh, agus pionóis chuí a chur ar fáil mar a cheanglaítear ag an gCoinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin agus an Coinbhinsiún chun Cosc a chur ar Mhianaigh Fhrithphearsanra.
Glacadh leis an gCoinbhinsiún ar Chnuas-Mhuinisin ag comhdháil thaidhleoireachta a d'óstaigh Rialtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath ó 19 go 30 Bealtaine 2008. Déanann an tAcht foráil freisin maidir le infheistíocht airgid phoiblí thar lear i gcuideachtaí a tháirgeann cnuas-mhuinisin nó mianaigh fhrithphearsanra. Os rud é gurb é feidhm an Achta an dá choinbhinsiún idirnáisiúnta atá i gceist a chur i bhfeidhm, ní raibh aon Mheasúnú ar Thionchar Rialála riachtanach.

Nóta ar an reachtaíocht ar Chonradh Liospóin

Foilsíodh An Bille um an 28 Leasú ar an mBunreacht ar an 4 Márta 2008. Bhi téacs na leasuithe molta ar an mBunreacht sa Bhille a cheadódh don Stát Conradh Liospóin a dhaingniú. Tionscnaíodh an Bille sa Dáil ar an 6 Márta 2008. Rinneadh díospóireacht air idir 6 Márta agus 7 Bealtaine agus ghlac dhá theach an Oireachtais leis. Tionóladh an reifreann ar an 12 Meitheamh tráth ar diúltaíodh don leasú molta, rud a chuir deireadh leis an bpróiseas reachtaíochta. Níor theastaigh RIA don Bhille seo.

Ionstraimí Reachtúla (IR) a d'ullmhaigh an Roinn i 2008

Uimh. 412 de 2008 Ordú ar Acht na bPasanna 2008 (Tosach Feidhme) 2008
Uimh. 413 de 2008 Rialacháin na bPasanna (Achomhairc) 2008
Uimh. 414 de 2008 Rialacháin na bPasanna (Tréimhsí Bailíochta) 2008

Rinneadh measúnú roimhe sin ar thionchar rialála ar Bhille na bPasanna agus ba é an aidhm a bhí leis na rialacháin ghaolmhara an reachtaíocht a chur in éifeacht agus aghaidh a thabhairt ar chúinsí gaolmhara mionsonraí agus nós imeachta. Dá réir níor ghá tuilleadh anailíse ar thionchar rialála ar na hionstraimí reachtúla seo.

Uimh. 220 de 2008 an tOrdú um Acht um Fhuadach Leanaí agus Forghníomhú Orduithe Coimeádta 1991 (Cuid 4) (Coinbhinsiún na Háige) 2008

Níor mheasadh go raibh an ionstraim reachtúil a bhain le Coinbhinsiún na Háige suntasach chun críocha measúnaithe ar thionchar rialála a chur sa tsiúl, mar nach bhfuil aon chostais ag baint léi agus is é is aidhm di, go hiarbhír, feidhmiú níos éifeachtaí an Choinbhinsiúin chéanna a éascú in Éirinn.